De bharr chomh tábhachtach is atá sé do go leor daoine, rinneadh measúnú straitéiseach ar riosca faoin gclár um Measúnú agus Bainistiú Riosca Tuilte i nDobharcheantar (CFRAM) i 300 pobal ar fud na tħire, le daonra iomlán de thrí mhiliün duine, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol suntasach de bharr tuilte. Dá bharr seo rinne an Rialtas infheistiocht €1.3bn i scéimeanna faoiseamh tuilte, atá le cur i gcrích mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) go dtí 2030. Tabharfaidh scéimeanna faoiseamh tuilte a críochnaiodh nó atá ar siúl faoi láthair cosaint do 80% den sealúchas a mheastar a bheith i mbaol. Ina theannta sin, cuirfear tú le scéimeanna breise sna blianta atá le teacht agus nuair a bheidh siad críochnaithe, tabharfaidh na scéimeanna seo go léir cosaint do 95% den sealúchas sin a ithnítear a bheith i mbaol suntasach ó thuilte. Cuireadh athbhreithniú ar na Pleananna um Bainistiú Riosca Tuile (FRMPs), mar chuid de chláir CFRAM, i gcrích i 2021. Dhearbaigh an tAthbhreithniú cé chomh cuimsitheach agus atá na pleananna seo. Nuair a bheidh na pleananna seo agus an clár oibre chun an Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide 2019 do Bhainistiú Riosca Tuile curtha i bhfeidhm, cuideoidh siad go mór le riosca tuile in Éirinn a bhainistiú, rioscaí ó athrú aeráide sa todhchaí, san áireamh.

Bhunaigh an Rialtas Grúpa Idir-Rannach maidir le Bainistiú um Athrú Cóstá le cur chuige a aimsiú chun straitéis náisiúnta chomhordaithe agus comhthéigte a fhorbairt chun tionchar réamh-mheasta an athraithe cósta ar ár bpobail cois cósta, ár ngeilleagair, ár n-oidhreachta, ár gcultúr agus ár dtímeallacht a bhainistiú. Lean an Grúpa Idir-Rannach, atá faoi chomhchathaoirleacht an OOP agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ag obair i rith 2021 chun roghanna agus moltaí a fhorbairt le cur faoi bhráid an Rialtais.

Ní nach ionadh, tháinig méadú suntasach i 2021 ar líon na gcuaireoirí chuig a lán láithreán



amuigh faoin aer de chuid OOP. Tharla sé seo de bharr ardú ar an líon daoine a għlak páirt i ngħomhaíochtaí sláinte agus folláine agus an méadú a tháinig ar thurasóireacht intíre. Cé gur cuireadh isteach ar għnáthphatrún maidir le hamanna oscailte roinnt láithreán, chinntiġi oibrithe de chuid OOP go mbeadħi formhór na bhfearann párce atá faoi chúram OOP oscailte le linn na dtréimhsí éagsúla diangħlasála. Bhí sé seo riachtanach do shħaliex an phobail, agus d'folláine mheabhrach agus fhisiciúil. Cuireadh deireadh le tālli iontrála chuig formhór na láithreán i 2020 agus bhí seo amhlaidh aris i rith 2021.

*Patrick O'Donovan*

**Patrick O'Donovan, TD**

An tAire Stáit le freagrácht  
as Oifig na nOibreacha Poiblí

## 2.2 Réamhrá an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 a chur faoi bhráid an Aire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí, an tUas. Patrick O'Donovan T.D. Tá achoimre sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinne OOP sa chéad bhliain den tréimhse atá clúdaithe faoinár Ráiteas Straitéise (2021-2024). Léiríonn an Ráiteas Straitéise seo nasc idir an rath a bhí ar ár straitéisí san am atá thart agus ár dtosáiochtá maidir le freastal ar bheartas an Rialtais do na blianta atá le teacht. Díríodh go háirithe sa Straitéis ar na téamaí Inbhuanaitheachta agus Gníomhú ar son na hAeráide. Tá inbhuanaitheacht lárnach sna beartais a gheall an Rialtas sa Chlár don Rialtas, Ár d'Todhchaí le Chéile, agus tá tionchar suntasach ag athrú aeráide ar ár ngeilleagar, ár sochaí agus ár dtimpeallacht cheana féin agus leanfaidh sé seo ar aghaidh sa todhchaí, agus mar sin, díritear sa straitéis ar Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tá na cláir oibre um athrú aeráide agus bithéagsúlachta faoi stiúir dhá fhóram comhshaoil nuabhuaithe de chuid OOP, Grúpa Oibre Bithéagsúlachta an OOP agus Grúpa Comhordaithe um Athrú Aeráide an OOP. Tá sé mar aidhm ag an dá Ghrúpa comhoibriú comhtháite a neartú agus a éascú ar fud aonaid ghnó an OOP ar fad. I 2021. Ullmhaíodh Straitéis Ghníomhaíochta Bithéagsúlachta OOP 2022-2026, chomh maith le sraith cleacthaí ranpháirtíochta foirne, ina measc, ceistneoir bithéagsúlachta foirne, ceardlanna bithéagsúlachta foirne agus an chéad Chomhdháil Foirne Bithéagsúlachta de chuid OOP. D'ullmhaigh an Oifig Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide do Bhainistiú Riosca Tuile 2019-2024, ag teacht leis na ceanglais faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe agus an Phleán Gníomhaiochta um Athrú Aeráide 2019. Tá dul chun cinn leanúnach ar siúl maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phleán Oiriúnaithe Earnála seo. Léiríonn an struchtúr neartaithe eagraíochtúil an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaiocht seo d'OOP agus an oifig ag forbairt beartas don Rialtas i réimse um Bainistiú Riosca Tuile (BRT) agus na bpleananna oiriúnaithe chun dul i ngleic le hathruithe de bharr Téamh Domhanda agus athruithe aeráide eile.

Tá ról comhghníomhaireachta ag OOP sna réimsí a bhaineann le cosaint, caomhnú, agus cur i láthair sealúchas cultúrtha agus oidhreachta agus tá sí freagrach as cothabháil, feidhmiú agus cur i láthair na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Réadmhaoine Stairiúla atá faoi chúram an Stáit. I 2021, lean OOP le hobair chothabhála agus chaomhnaithe ar na Séadchomharthaí Náisiúnta agus ar an réadmhaoin Oidhreachta atá faoina cúram, in ainneoin na ndúshlán oibre a bhain le Covid-19.

Is ceann de phrómhfeidhmeanna OOP cóiríocht a chur ar fáil do gach Roinn Rialtais. Tá punann réadmhaoine ag OOP ar fud na tíre chun freastal ar riachtanais oibríochtaí éagsúla na Státseirbhís, an Gharda Siochána agus Comhlachtaí Stáit éagsúla eile. Is é cuspóir OOP punann réadmhaoine a shealbhú, a bhainistiú agus a chothabháil don Státseirbhís, do na Gardaí agus do Chomhlachtaí Stáit eile ag teacht le riachtanais an Rialtais i dtéarmaí méide, suíomhanna, sonraíochta, luach ar airgead agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an gcoiríocht sin. B'ionann an caiteachas ar an bhfoitheideal ciosa i 2021 agus an méid a bhí réamh-mheasta.



*Maurice Buckley*  
**Maurice Buckley**

Cathaoirleach Feidhmiúcháin  
Oifig na nOibreacha Poiblí

Bhí tábhacht shuntasach le hobair Aonaid Bhreatimeachta OOP i rith 2021. Bhí OOP freagrach as saoráidí tábhachtacha bonneagair a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí éagsúla, ionas go bhféadfadh an Stát leanúint ag feidhmiú go héifeachtach. D'ullmhaigh na gníomhaireachtaí éagsúla cás gnó chun Críochfort 7 ag Eoraphort Ros Láir a fhobairt. Thug Comhairle Contae Loch Garman cead pleánála don OOP maidir leis an tionscadal seo ar 9 Samhain 2021. Táthar ag dearadh agus ag ullmhú cáipéisí tairisceana le bheith curtha i 2022.

Anois agus muid ag dul chun cinn ag cur ár Ráiteas Straitéise nua i bhfeidhm sna blianta atá le teacht, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil arís le lucht oibre ilchineálach agus tiomanta OOP as a ndúthrácht leanúnach chun obair na hOifige a fheabhsú i 2021 agus gabhaim buíochas lenár bpáirtithe leasmhara go léir as comhoibriú lenár ngníomhaiochtaí.



Gairdiní Náisiúnta  
Cuimhneachán Cogaidh na  
hÉireann, Baile Átha Cliath

# 3 Ár Misean, Luachanna & Téamaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

### 3.1 Ráitis Mhisin, Cuspóra agus Físe

De bharr na freagrachta atá orainn, caithfimid dul i ngleic go tapa agus go solúbtha go minic le dúshláin an lae chun an misean a sannadh dúinn sa reachtaíocht agus sa Chlár Rialtais a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach go dtuigimid croíchuspóir na heagraíochta agus an fáth a bhfuil sé riachtanach mar chuid de chóras an Rialtais. Ní mór dúinn físe a bheith againn freisin maidir leis an tionchar atá againn agus an tionchar ar mian linn a bheith againn ar an tír agus an tsochaí ina mairimid.



#### Misean

Punann réadmhaoine an Stáit, riosca tuile in Éirinn agus ár n-oidhreacht náisiúnta a bhainistiú – agus é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe.



#### Cuspóir

Seirbhísí ilúsáide, nuálacha agus speisialaithe a chur ar fáil don Rialtas agus don phobal.



#### Fís: I dTreo 200 Bliain

Ár dtimpeallacht thógtha agus ár dtimpeallacht nádúrtha ag réiteach le chéile.

## 3.2 Luachanna

Tá cultúr OOP bunaithe ar ár luachanna. Beidh na luachanna atá luaite sa Ráiteas Straitéise seo mar aon le luachanna na Stát Seirbhíse san áireamh inár ngníomhaíochtaí agus inár n-iompar i rith shaolré na Straitéise.



### Saineolas

Déanann foireann uile OOP a ndícheall saineolas a shealbhú i ndáil lena gcuid oibre agus cuirimid lenár saineolas go leanúnach.



### Meas

Bímid tuisceanach agus muid ag déileáil le daoine. Molann OOP cur chuige FREDIE: cothroime, meas, comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú agus rannpháirtíocht.



### Sármhaitheas

Táimid ar fad bródúil as ár gcuid oibre, agus muid i gcónaí ag iarraidh leibhéal ard eifeachtúlachta a bhaint amach mar aon le sástacht na gcliant a chinntíú trí thortháí tráthúla den scoth a bhaint amach.



### Comhoibriú

Déanaimid compháirtíochtaí agus foirne a fhorbairt bunaithe ar ionracas agus oscailteacht. Glacaimid le peirspictíochtaí difriúla agus oibrímid chun teacht ar chomhréiteach.



### Inbhuanaitheacht

Tá an obair a dhéanaimid déanta sa chaoi go maifidh sí; gníomhaímid ar mhaithe le teacht aniar na haeráide.

Geallaimid do na glúnta atá le teacht go bhfágfaidh muid le hoidhreacht acu na hacmhainní a chosnaímid mar aon leis an eolas agus an tuiscint atá bailithe againn chun an oidhreacht sin a chosaint.

### 3.3 Téamaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

Cruthaíonn an Ráiteas Straitéise reatha nasc idir an rath a bhí ar ár Straitéisí san am atá thart agus ár dtosaíochtaí sna trí bliana atá le teacht le peirspectíocht a chlúdaíonn na deich mbliana atá romhaínn ar a laghad..



#### Ár gCliaint

*Seirbhísí don phobal ar a bheastalaímid a neartú*

**Cuspóir:** Breis feabhas a chur ar ár n-éiteas láidir maidir le seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí trí chomhoibriú, chumarsáid agus modhanna soláthair níos fearr a chinntiú.



#### Inbhuanaitheacht

*Inbhuanaitheacht a chur san áireamh inár gcinntí*

**Cuspóir:** A chinntiú go mbíonn cinnteoireacht uile OOP bunaithe ar inbhuanaitheacht.



#### Gníomhú ar son na hAeráide

*Tionchar an athraithe aeráide a mhaolú agus muid féin a chur in oriúint dó*


**Cuspóir:** Pleananna a ullmhú agus gníomhartha soiléire a dhéanamh chun cuidiú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 a chur i bhfeidhm.



#### Daoine agus Próisis

*Feabhas a chur ar chumas na hEagraíochta*

**Cuspóir:** Cumas na heagraíochta a neartú trínár bhfoireann a fhorbairt ar bhealach éifeachtúil agus trí phróisis nuálacha den scoth.



Fia i bpáirc an Fhionnúisce,  
Baile Átha Cliath

4

# Athbhreithniú ar an gCéad Bhliain den Ráiteas Straitéise 2021-2024

DUL CHUN CINN I RITH 2021



An Leabharlann i dTeach  
Farmleigh, Páirc an  
Fhionnuisce, Baile Átha Cliath

## 4.1 Téama 1: Ár gClaint

### *Seirbhísí don phobal ar a bhfeastalaímid a neartú*

Ní oibríonn OOP ina haonar. Cé nach ionann ár bhfeidhmeanna agus feidhmeanna na bpriomheagraíochtaí atá mar chliaint againn agus ár gcustaiméirí, aithnímid gur féidir ár ról agus ár leasanna faoi seach a bheith i gcomhréir le chéile agus muid ag obair chun caighdeán na seirbhísí poiblí in Éirinn a fheabhsú. Sna trí bliana amach romhainn, is é ár gcuspóir na compháirtíochtaí atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh, an comhoibriú atá ar siúl againn cheana féin a neartú agus comhoibriú nua a chruthú, lena chinntíú go bhfuilimid ag cur ár bhfeidhmeanna i gcrích sa chaoi is fearr agus go mbainfidh muid lánacmhainneacht amach maidir lenár ról.

### Bainistiú Riosca Tuile

#### GRÚPA IDIR-RANNACH UM CHOMHORDÚ BEARTAS I LEITH TUILTE

Bhí an Grúpa Idir-Rannach um Chomhordú Beartas i Leith Tuilte faoi chathaoirleacht OOP arís i 2021.

#### AN GRÚPA NÁSIÚNTA COMHORDAITHE ÉIGEANDÁLÁÍ

Bhí OOP páirteach i bhfreagairt an Rialtais maidir le Stoirm Bharra i mí na Nollag 2021. Bhí tuilte in áiteanna i gContae Chorcaigh de bharr na stoirmse seo. I rith 2021, d'eisigh OOP trí fhógra d'Údarás Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile maidir le barr láin nó borradh taoide i ndáil le réamhaisnéisí muirleibhéil.

#### GRÚPA OIBRE COMHORDAITHE NA NGNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT MAIDIR LE RIOSCA TUILE IN ABHANTRACH NA SIONAINNE

I rith 2021, rinne an Grúpa na nithe seo a leanas:

- Foilsíodh Clár Oibre 2021, clár gníomhaíochtaí a phleanáil gach balleagraíocht, a chuidíonn ar bhealach éigin le riosca tuilte in abhantrach na Sionainne a bhainistiú.
- Rinneadh tuilleadh oibre ar staidéar hidrea-gheomoirfeolaíoch ar an tSionainn fochtarach
- Fuarhas Ceadúnas Alt 21 maidir le cur i bhfeidhm an chláir phíolótaigh chun leibhéal an uisce i Loch Aillionn a íslíú ar bhonn sealadach.
- Uillmaíodh scóip oibre chun sainchomhairleoír a cheapadh chun an tionscadal do réigiún an Chalaí a chur ar aghaidh chuig an bpróiseas pleanála.
- Infheistíocht €3m le déanamh thar 10 mbliana chun clár cothabhála straitéiseach a chur chun cinn d'Abhaínn na Sionainne ó Loch Aillionn go Loch Deirgírt.

#### AN TSEIRBHÍS RÉAMHAISNÉISE AGUS RABHAIDH TUILTE

Le linn 2021, rinne OOP na nithe seo a leanas:

- Rinne an Oifig cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha chun tacú le bunú na seirbhísé nua.
- Ghlac an Oifig páirt sa Ghrúpa Stiúrtha chun Córás Réamhaisnéise maidir le Taoide agus Borradh (TSSF) a aistriú ó OOP go Met Éireann.
- Cuireadh córas nua sonraí nua i bhfeidhm don tseirbhís náisiúnta TSSF chun acmhainn agus cruinneas réamhaisnéise a fheabhsú.
- Sainaithníodh suíomhanna cósta ar dócha gur ghá córais réamhaisnéise tuilte cósta níos mionsonraithe a chur ar fáil dóibh, m.sh. Cuan na Gaillimhe, Inbhear na Sionainne agus Cuan Bhaile Átha Cliath.
- Ghlac an oifig páirt i bhFoghrúpaí Teicniúla agus Grúpaí Oibre éagsúla mar chuid den tSeirbhís.
- Críochaíodh an obair ar an Léarscáil um Minicíocht Tuilte in Éirinn 2021. Cuireann sé seo meastachán maidir le tuilte ar fáil ag breis is 135,000 láthair ar fud na hÉireann.



Oscailt – Scéim Stórála Tuile Chill Bheagóige

## SONRAÍ OSCAILTE

D'fhoilsigh OOP líon suntasach sonraí mar Shonraí Oscailte faoi Threoir an AE maidir le Sonraí Oscailte. Méadaíodh as cuimse raon na dtacar sonraí a soláthraíodh i 2021. Rinneadh feabhsuite suntasacha ar bhainistíocht inmheánach sonraí agus ullmhafodh réimse níos leithne sonraí le foilsíú go seachtrach.

## Bainistiú na nEastát – Sealúchas

### MÓRTHIONSCADAIL

Tá OOP freagrach as clár oibreacha ardluacha, tosaíochta agus faofa a chur i bhfeidhm agus tá an oifig tiomanta maidir le seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dá cliaint agus don phobal a úsáideann na foirgnimh agus na timpeallachtaí atá faoi chúram na hOifige. I rith 2021, rinneadh dul chun cinn maidir le go leor tionscadal:

- Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích:
  - > Athchóiriú stáisiún **Gardaí Shráid Mhic Giobúin**;
  - > Athchóiriú agus síneadh le **Ceannccheathrú Ceantair an Gharda Síochána in Áth Luain**;
  - > **52 Faiche Stiabhna**, Céim 1 – Oibreacha Cothabhála agus Sábhálteachta, oibreacha riachtanacha dóiteáin agus cothabhála M&L agus oibreacha uasghrádaithe.
- Tionscadail atá ar siúl agus le bheith curtha i gcrích i 2022:
  - > **Saotharlann Fóiréinseolaíochta na hÉireann** – foirgneamh trí stór, ina bhfuil saotharlanna, oifigi agus cóiríochta eile lonnaithe ar Champas Bhacastúin le bheith críochnaithe sa 3ú ráithe de 2022.
  - > **Ionad nua um Shlándáil agus Oibríochtaí i gCoinne Choireachta an Gharda Síochána**, An Bóthar Míleata – tá an tionscadal ar an láthair, in am agus de réir an bhuséid a bhí ceaptha. Tá sé le bheith críochnaithe i Meán Fómhair 2022.
  - > **Stáisiún Heuston** – ionad Náisiúnta um Rialú Traenach (NTCC) – tá an tionscadal seo á bhainistiú ag an Údarás Náisiúnta lompair d'larnród Éireann.
  - > **Foirgnimh Stairiúla, An Bóthar Míleata** – oibreacha cobhsaíochta ar an gcreatlach.
  - > **An Ceoláras Náisiúnta** – oibreacha deisiúcháin ar an gcreatlach agus oibreacha cothabhála ar dhón an Fhoirgnimh Paiteolaíochta agusa ar dhón na sean-Leabharlainne Leighis.
  - > **Iosta Draenála nua OOP**, Gaillimh.
  - > **Ionad Sonraí nua**, Bacastún.



Oifigí OOP ar Ché Sheoirse, Baile Átha Cliath

- Rinneadh soláthar maidir leis na tionscadail seo i 2021 agus tá sé beartaithe tú a chur le hoibreacá tógála sa chéad ráithe de 2022:
  - > **Lána Líosain** – beidh cóiríocht oifige ar shuíomh de chuid an Stáit anseo do 350 ball foirne.
  - > **Teach Tom Johnson** – larfheistiú Domhain ar fhoirgneamh chuíg stór os cionn fóslaigh chun cloí le caighdeán Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB), a bhainfidh Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A2 amach (BER).
  - > **Ceanncheathrú an Gharda Síochána – Bloc J** – athchóiriú iomlán ar fhoirgneamh stairiúil ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána chun áit a chur ar fáil d'aonad speisialta de chuid an Gharda Síochána agus beidh athlonnú bhonneagar riachtanach TF i gceist anseo chomh maith.



Teach Tom Johnson,  
Bóthar Haddington,  
Baile Átha Cliath

- Bhí páirt ag OOP i ndearadh, i bpleanáil agus i bhforbairt na mórrhionscadal seo a leanas i rith 2021:
  - > **Feistiú Fhoirgneamh na nDriogairí, Baile Átha Cliath 7** – chun cóiríocht shainoiriúnaithe oifige a chur ar fáil d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Rialtais.
  - > **52 Faiche Siabhma, Céim 2** – Oibreacá deisiúcháin práinneacha ar an díon agus athphointeáil/deisiúcháin façade ar Fhoirgneamh Seoirseach agus Céim 3 – larfheistiú Domhain ar bhloc a tógadh sna 1970idí, agus réimse suntasach oibreacá uasghrádaithe ar chreatlach an fhoirgnimh.
  - > **Ceanncheathrú Rannach an Gharda Síochána, Port Laoise** – le bheith mar Cheanncheathrú Rannach Laois/Uibh Phailí, agus tá Cill Dara le bheith san áireamh chomh maith. Teastaíonn athchóiriú a dhéanamh ar an stáisiún atá ann faoi láthair.
  - > **Beart CPP an Gharda Síochána** – Cuid 9, Cead Pleanála faigte i gcomhair Ceanncheathrú Réigiúnach agus Rannach i Maigh Chromtha agus do Cheanncheathrú Ceantair i gCluain Meala.
  - > **CPP – Ollionad Dlí Teaghlaigh i Lána an Chrocháire/Sráid an Teampaill** – Tá dearadh an Ollionaid Dlí Teaghlaigh ag an gcéim dréacht-dhearthá faoi láthair.
  - > **Clár na bhForas Cultúir**, mar a leanas:
    - Athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta – tá Réamhchás Gnó an Chóid Chaiteachais á chur i gcrích faoi láthair.
    - Tionscadal Taisclainne Cartlainne sa Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8. Déanfar an tradstóras aon stóir atá ann a fhorbairt chun go mbeidh níos mó spáis stórála ann agus beidh cumas rialaithe aeráide agus cosaint dóiteán á gcur ar fáil.

## OIFIG AN ALTIRE STÁIT/AN PHRÍOMH ALTIRE

Tionscadail ar siúl i 2021:

- Saoráidí do chuairteoirí – Casino i Marino;
- Máistirphlean do Theach an Chustaim;
- Ceanncheathrú Réigiúnach agus Rannach i nGaillimh;
- Mol Nuálaíochta (Feistiú oifige i dTeach Fhaiche Stiabhna);
- An Teach Uisceach i nGarraithe na Lus, Glasnaón;
- An Droichead Comórtha i nGairdíní Cuimhneacháin Cogaidh i nDroichead na hInse, Baile Átha Cliath;
- Bailiúchán Ard-Mhúsaeim na hÉireann, Ionad Acmhainní;
- Fo-ionad Tarrthála Muirí Cheann Mhálanna;
- Ciste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt, na Meáin agus Údarás Áitiúla – Maoirseacht theicniúil agus tuairisciú maidir le deontas a bronnadh ar 34 tionscadal caipitil;
- Forbairt Bheartas Náisiúnta tua maidir le hAiltireacht mar chuid d'obair Ghrúpa Comhairleach um Beartais Náisiúnta i gcomhar leis an An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH).

Comhairliúchán maidir le hAiltireacht agus Pleanáil – Cuireadh comhairle ar fáil do gach aonad gnó de chuid OOP maidir le beartais agus tionscadail ar leith. Cuireadh comhairle ar fáil maidir leo seo a leanas;

- Máistirphlean Heuston (CIE); MetroLink; Aighneacht OOP maidir le Dréachtphean Forbartha Bhaile Átha Cliath; Athfhorbairt an London Irish Centre (LIC); Comhairle do LIC maidir le cálíocht, dearadh, soláthar, bainistíocht tionscadail agus rialachas;
- Athfhorbairt an Centre Culturel Irlandais (CCI); agus
- Comhairle do CCI maidir le cálíocht, dearadh, soláthar, bainistíocht tionscadail agus rialachas.



Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath

## INEALLTÓIREACHT MHEICNIÚIL AGUS LEICTREACH

Chomh maith le seirbhísí dearaidh inmheánach a chur ar fáil, tá feidhm thábhachtach monatóireachta agus maoirseachta ag Rannán Innealtóireachta Meicniúil agus Leictreach (M&L) lena n-áirítear eolas mion a chur ar fáil chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar obair shainchomhairleoírí seachtracha M&L. Tá an Rannán M&L i mbun mionteagaisc agus monatóireachta ar Chomhairleoírí M&L maidir leis na tionscadail seo a leanas:

- NCH/Forbairt Mhúsaem Eolaíochta na Leanaí;
- Stáisiún na nGardaí, Cluain Meala;
- Stáisiún na nGardaí, Maigh Chromtha;
- Stáisiún na nGardaí, Coill an Chollaigh;
- Stáisiún na nGardaí Port Laoise;
- Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Bloc J;
- Bonneagar an Bhreatimeachta (2019-2022) (10 suíomh ar leith);
- Teach Clyde, Baile Bhlainséir (feistiú Tiarna Talún).

## Oibreacha Caipitil Idirmheánacha

Soláthraíonn agus cuireann an rannán M&L a lán oibre i gcrích i réimse na mionoibreacha agus na n-oibreacha caipitil idirmheánacha. Ina theannta sin, cuireann an rannán seirbhísí deartha agus tacaíochtaí eile ar fáil do na Seirbhísí Cothabhála Réadmhaoine agus do Thionscadail Idirmheánacha.

I 2021, rinneadh obair ar roinnt tograí móra, mar shampla:

- **Oibreacha RFC agus MWNE an Gharda:** Cheadaigh an rannán Bainistíochta Eastát tionscadail ar chostas iomlán de €1.5m;
- **Clár Uasghrádaithe Gléasrai agus Rialaithe:** Bainistíodh agus seachadadh 26 tionscadal, le caiteachas de €3.9m;
- **Tionscadail roghnacha do rannóga cliant - €7.5m;**
- **Uasghrádú ar Chórás Leictreachais agus Sábháilteachta Beatha - €1.0m.**

## Tacaíocht do Choithabháil Réadmhaoine agus Tionscadail Idirmheánacha

Comhairleoirreacht agus tacaíocht do na Rannóga um Choithabháil Réadmhaoine agus um Thionscadail Idirmheánacha. Samplaí: Clár Uasghrádaithe do Chillíní de chuid an Gharda Síochána; Clár Rochtana do Chách (UA); Clár an Gharda Cósta; Feistithe i dTeach an Phionnusisce agus Teach Éilísiam; Athchóiriú Theach Caibidle agus Bloc N i gCeanncheathrú an Gharda Síochána.

## INNEALTÓIREACHT SHIBHALTA AGUS STRUCHTÚR

I rith 2021, chuidigh an rannán innealtóireachta sibhialta agus struchtúr chun tionscadail a bhaineann le coithabháil an Eastáit a chur chun cinn agus a chur i gcrích:

### Páirceanna agus foirgnimh stairiúla:

- Áras an Uachtaráin, Páirc an Phionnusisce – Oibreacha uasghrádaithe ar an líonra uisce;
- An Bóthar Thuaidh, Páirc an Phionnusisce – Oibreacha ar an dromchla;
- Loch i nGairdín an Phobail Páirc an Phionnusisce – Dromchla nua ar an gcosán;
- Garrán Anna, Baile Shaileastair, Co Chorcaí;
- Sráidbhaile Inis Cathaigh – Cobhsú bhallaí an tí;
- Dolmain Chnoc an Bhrúnaigh, Co Cheatharlach;
- Caisleán Bhaile Átha Cliath, Bloc 22 – Obair dheisiúcháin ar ingearchló;
- Caisleán Bhaile Átha Cliath, Rannán Póilínithe Bóithre de chuid an Gharda Síochána – Oibreacha athchóirithe ar an seomra comhdhála agus ar an staighre ó dheas.

**Oibreacha um Bainistiú Seirbhísí Uisce:** Mainistir Thinteirn; Gairdíní Heywood; Cúirt Ioma; Daingean Rinn Chorráin; Dún Aonghasa; Brú na Bóinne.

### Tionscadail Choithabhála um Bainistiú Riosca Tuile:

- An Mhuaidh CDS – Síneadh B11 ar C1-23;
- Croch Loc-chomhla Chúil na Birte, (Blanket Nook Sluice Gate Davit Arm Base);
- An Mhuaidh CDS – Síneadh B12 Ch 1370 ar C1-30-5 Abhainn – an Triomóg;
- Scéimeanna Draenála Dhún na nGall – Ceannbhalla Loc-chomhla.

## TIONSCADAIL IDIRMHEÁNACHA

### Tionscadail a críochnaíodh i 2021

- 1GQ OOP – feistiú oifige;
- Éilísiam, Cathair Chorcaí – DSP agus WRC (feistiú);
- Bóthar an Chlochair – ath-insealbhú suímh do Scoil Náisiúnta Dhún Uí Chríofa;
- Stáisiún na nGardaí, Droichead Átha – oibreacha slándála;
- Teach an Phionnusisce – feistiú don Gharda Síochána (AGS);
- Caisleán Bhaile Átha Cliath, Geataí Chnoc Chorcaí/Gates of Justice– Deisiúcháin;
- Páirc an Phionnusisce – Deisiúchán, athchóiriú agus athchrochadh na ngeataí.

## Tionscadail ar an láthair i 2021

- Stáisiún an Gharda Síochána, Coill an Chollaigh (stáisiún nua);
- Tuaim – DSP (feistiú);
- Scoil Náisiúnta nua Cheann Toirc (scoil nua);
- Scoil Náisiúnta Chreachmhaoil (síneadh agus athchóiriú);
- OOP, Áth Cinn (athchóiriú agus síneadh);
- Teach Háicín – Leagan go talamh;
- Na Ceithre Cúirteanna – Deisiúcháin ar an gcruinneachán;
- Oifig na bPasanna, Baile Bhrigín – feistiú.

## PLEANÁIL NA NEASTÁT

Is leis an Stát Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath (ICBÁC) agus tá sé á reáchtáil ag Compháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) ar feadh tréimhse lamháltais 25 bliain. Tá an foirgneamh le tabhairt ar ais don stát i 2035. Bainistíonn an OOP forálacha an Chomhaontaithe chomh maith le gach ábhar a bhaineann le hairgeadas, dlí nó sealúchas. Chuir srianta Covid-19 isteach go mór ar phríomhghníomháiochtaí ICBÁC. Is í príomhfeidhm an ionaid ná comhdhálacha a reáchtáil a mheallann Toscairí Comhdhálacha Idirnáisiúnta (ICDs) agus bhí sé dúnta ó lár mhí an Mhárta 2020 gur thosaigh imeachtaí á reáchtáil ann arís i mí Mheán Fómhair 2021. D'úsáid Tithe an Oireachtas ICBÁC 18 babhta i rith na paindéime. Níor ghearr ICBÁC aon tálle ar an Oireachtas don úsáid seo ach amháin roinnt costas a bhain le húsáid an ionaid agus costais lónadóireachta. B'ionann agus €23.8m na híocaíochtaí a rinne OOP faoin gComhaontú Tionscadail CPP. Tálle Aonadach go príomha a bhí i gceist anseo.



Ionad Slándála agus Oibríochtaí i gcoinne Choireachta an Gharda Síochána, An Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath

## SEIRBHÍSÍ UM BAINISTIÚ SEALÚCHAS - AN ÁIT OIBRE SA TODHCHAÍ

Léirigh an phaindéim nach gó don Státseirbhís a bheith ag brath go hiomlán sa todhchaí ar láithreacha oibre/réitigh oibre i bhfoirgneamh ar leith. Is dócha go bhfeidhmeoidh oifigí mar ionaid oibre riachtanacha i gconaí ach b'fhéidir nach mbeadh iontu ach gné amháin de phatrún cianoibre.

Phléigh OOP agus Bord Bainistíochta na Státseirbhise an próiseas chun creat láraithe maidir le hobair chumaisc a chur chun cinn ar fud na Státseirbhise.

Mar chuid den rannpháirtíocht um páirtithe leasmhara lenár gclaint, maidir le hábhair a bhaineann le réadmhaoin, rinne OOP cur i láthair do roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ar conas is féidir an t-ionad oibre a oriúnú chun freastal ar riachtanais nua a bhaineann le hobair hibrídeach. Rinneadh taighde freisin ar an tionchar a bhí

ag patrún nua oibre ar an bpunann oifige agus conas a chuideodh na nósanna nua oibre le straitéisí OOP a chur chun cinn chun an úsáid ab fhéarr a bhaint as an bpunann oifige agus gníomhaiochtaí a chomhdhlúthú.

## AN BHREATIMEACHT

Thug an OOP tosaíocht do Bhearta suntasacha de chuid an Aonaid Bhreatimeachta agus cuireadh Críochfort 7 ag Eoraphort Ros Láir i gcrích i rith 2021.

Chuir OOP saoráidí bonneagair thábhachtacha ar fáil do ghníomhaireachtaí éagsúla, (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), An Roinn lompair; An Roinn

Talmhaóchta agus Mara (DAFM), na Coimisinéirí loncaim, An Roinn Sláinte) le go mbeadh an Stát ábalta feidhmiú go héifeachtúil. Cuireadh de chúram ar an aonad dóthain saoráidí iniúchta a chur ar fáil chun freastal ar an méadú ar sheiceálacha agus rialuithe trádála maidir le custaim, sláinte, sláintiocht agus fíteasláintiocht (SPS).

- Tá Oibreacaha ag Calafort Bhaile Átha Cliath beagnach críochnaithe. Tá Clós 4 mar phointe cigireachta nua custaim agus teorann, a bheidh á úsáid ag na Coimisinéirí loncaim agus Seirbhís Sláinte Chomhshaoil agus tá sé le tabhairt ar láimh go luath i 2022.
- Críochnaódh Céim 2 den tsaoráid um Bonneagair Breatimeachta ag Críochfort 10 ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus tugadh ar láimh don Roinn Talmhaóchta agus Mara, do na Coimisinéirí loncaim agus do na Seirbhísí Sláinte Chomhshaoil í le húsáid.
- Cuireadh i gcrích, den chuid is mó, Oifig Inimirce an Gharda Siochána i gCalafort Bhaile Átha Cliath ar Bhóthar Ché na Tulchann agus tugadh ar láimh don Gharda Siochána í i mí na Nollag 2021.
- I 2021, d'fhorbair gníomhaireachtaí éagsúla cás gnó chun Críochfort 7 in Eoraphort Ros Láir a fhorbairt. Thug Comhairle Contae Loch Garman cead pleanála don OOP don tionscadal seo ar 9 Samhain 2021. Leanfaidh an tAonad Breatimeachta ar aghaidh le dearadh agus ullmhú na gcáipéisí tairisceana agus beidh siad réidh i 2022.



Custaim Ros Láir, Co Loch Garman

## SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA SEALÚCHASÍ

Cuireann OOP comhsheirbhís ar fáil i gcomhair ghnáthchonarthaí cothabhála agus cothabháil ghinearálta foirgneamh do bhrefis is 2,000 réadmhaoin ar fud na tire. I 2021, rinne na Seirbhísí Cothabhála Sealúchais oibreacaha arbh fhiú níos mó ná €67 milliún iad.

- **Cothabháil Ranna (Ranna/Oifigí Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile)** – Faoi Chiorclán 1 2013 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER, tá sainordú tugtha d'OOP oibreacaha cothabhála réadmhaoine a dhéanamh. San áireamh, tá oibreacaha cothabhála frithghníomhacha, pleanálte agus coisctheacha; miontionscadail chaipitil agus oibreacaha a dhéantar thar ceann a gcliant, ar a dtugtar oibreacaha roghnacha. I 2021, caitheadh €11.5 milliún san iomlán ar chothabháil sealúchais Ranna. Caitheadh €4.21 milliún de seo ar an gclár pleanálte do chreatlacha foirgneamh, agus caitheadh os cionn €7 milliún ar chothabháil fhrithghníomhach chun freastal ar iarratais ó chliaint. Chomh maith leis sin, chaith na Seirbhísí Meicniúla agus Leictreach €15 milliún ar oibreacaha cothabhála meicniúla agus leictreacha.
- **Obair chothabhála ar Forais Chultúir Náisiúnta, Ionaid Oidhreachta, Séadchomharthaí, Iostaí, ar Chóiríocht Oifige agus ar shealúchas eile de chuid OOP** – Le linn 2021, chaith Seirbhísí Cothabhála Sealúchais breis is €5 mhilliún ar chothabháil foirgneamh, ar chaomhnú tailte agus ar shlándáil ag Forais Chultúir Náisiúnta, ag ionaid oidhreachta, ar shéadchomharthaí, ar iostaí, ar chóiríocht oifige, ar shealúchas atá folamh agus ar shealúchas eile de chuid OOP nó atá á mbainistiú ag OOP.
- **Mionchláir Chaipitil** – Rinne Seirbhísí Cothabhála Sealúchais mionoibreacaha ar chreatlacha foirgneamh ar chostas de €28m; bain na hoibreacaha le huasghrádú creatlach, feistiú, uasghrádúithe a bhaineann le sábháilteacht dóiteán agus oibreacaha sábháilteachta agus slándála eile.
- **Oibreacaha Roghnacha, maoinithe ag Cliant OOP** – D'iarr claint ar OOP oibreacaha agus seirbhísí a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais oibriúcháin/gnó. Tugtar 'oibreacaha roghnacha' orthu seo (oibreacaha ar chreatlacha foirgneamh agus oibreacaha leictreach) agus chuir claint OOP maoiniú ar fáil dóibh. I 2021 mhaoinigh claint oibreacaha roghnacha a bhain le creatlacha foirgneamh ar chostas de bheagnach €20 milliún.
- **Cliant Inbhilleáilte** – Chuir OOP seirbhís chothabhála ar fáil do 21 cliant nach bhfuil clúdaithe faoi Chiorclán 1 2013 de chuid DPER. I 2021 mhaoinigh na claint seo oibreacaha arbh fhiú os cionn €3m iad.

- **Deasc Chabhrach OOP** – I rith 2021, fuair Deasc Chabhrach OOP 17,254 iarratas ó chliaint ar ríomhphoist agus fuarthas 29,000 glao gutháin. Bhí idir ghlaonna éigeandála agus iarratais ar ghnáthchothabháil i gceist sna hiarratais seo.
- **OOP ag Tacú le Cliant le linn Phaindéim Covid-19** – Thacaigh na Seirbhísí Cothabhála Sealúchais le Ranna/Oifigí Rialtais agus le Gníomhaireachtaí eile le linn phaindéim Covid-19, trí chúram a dhéanamh d'obair shábháilte i suas le 2,000 foirgneamh i bpunann eastát OOP, mar a leanas:
  - > **Ghlac OOP ról ceannaireachta ar Lónra Bainistíochta Saoráidí na Seirbhísí Corparáideacha** – Bunaíodh an Lónra seo i 2020, agus leanadh le cruinnithe i 2021 chun dul i ggleic le paindéim Covid-19. Bhí bainisteoirí sinsearacha ar fud na Státseirbhise páirteach sa lónra. Chuir OOP comhairle theicniúil agus tacaíocht ar fáil ag na cruinnithe seo.
  - > **Scáileán Peirspéacs** – I rith 2021, chuir Deasc chabhrach um Chreatlach Foirgneamh OOP scáileán chosanta peirspéacs ar fáil i bhfoirgnimh ina raibh cliant de chuid OOP lonnaithe. Chuir an Deasc Chabhrach dáileoirí i gcomhair díghalrán lámh ar fáil chomh maith le comharthaíocht maidir le Covid-19, ar iarratas ó chliaint.
  - > **Comhdháil Bhliantúil Lónra na nOifigeach Córíochta** – Ar an 21 Bealtaine 2021, réachtáil Cathaoirleach OOP Comhdháil Bhliantúil Lónra na nOifigeach Córíochta ar líne. D'fhreastail os cionn 180 ionadaí de chuid ár gclaint ar an gcomhdháil.

## BAINISTÍOCHT EALAÍON

Tá an OOP freagrach as an mbailiúchán ealaíne poiblí is forleithne atá ar fáil ar fud an Stáit agus tá os cionn 90% de na saothair ealaíne ar taispeáint i suíomhanna cliant de chuid OOP ar fud na tíre. Is ían Oifig um Bainistíocht Ealaíon (AMO), an t-aonad oibriúcháin in OOP a sholáthraíonn seirbhís bhainistíochta iomlán chun freagracht OOP don Rialtas a chomhlíonadh maidir le riart Bhailiúchán Ealaíne an Stáit. Ina theannta sin, cuireann an Oifig um Bainistíocht Ealaíon saineolas ar fáil do Ranna eile Rialtais, d'fhorais chultúir, do chomhlachtaí poiblí agus do chomhghleacaithe OOP a lorgaíonn comhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an ealaín, lena n-áirítear tionscadail ealaíne poiblí a sheachadadh agus saothair ealaíne stairiúla agus comhaimseartha, a fháil, a choimisiúnú, cúram a dhéanamh díobh, iad a chur ar taispeáint agus a luacháil.

Bainistíonn an Oifig um Bainistíocht Ealaíon scéim an Rialtais um Chéatadán don Ealaín mar chuid de réimse tionscadal caipítel OOP ina gcuirtear 1% den bhuiséad tógála ar leataobh i gcomhair thionscadail ealaíon. Is é an cuspóir atá le scéim an Rialtais ná tacú le hobair ealaíontóirí Éireannacha agus ealaíontóirí a bhfuil cóinéir orthu in Éirinn chun ealaín chomhaimseartha a chur ar fáil do lucht spéise níos leithne agus chun cruthaitheacht maidir le gach cineál ealaíne de chuid na hÉireann a cheiliúradh. Déanann foireann AMO ionadaíocht do OOP ar choistí idir-rannacha ábhartha, ar phainéil roghnúcháin agus ag comhdhálacha, seimineáir agus ag imeachtaí cultúrtha.

I rith 2021, lean an Oifig um Bainistíocht Ealaíon ag bainistiú agus ag cothabháil Bhailiúchán Ealaíne an Stáit, m.sh. cuireadh comhairle ar fáil do chliaint, cuireadh iasachtaí ealaíne ar taispeáint, eagraiodh saothair ealaíne a bhogadh chuig suíomhanna éagsúla agus rinneadh caomhnú ar shaothair ealaíne in ainneoin na ndúshláin a bhain le Covid-19 agus na srianta eagraíochta agus lóistíochta a bhain leis.

Cuireadh an taispeántas *All Creatures Great and Small* ar taispeáint i roinnt ionad i 2021 – ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce; Caisleán Phort Omna, Co na Gaillimhe; an Red Door Gallery sa Chaisleán Nua, Co Luimnigh, agus tháinig deireadh le camchuairt an taispeántais 2021 i gCaisleán Ráth Fearnáin.

Bhí an taispeántas *Double Estate* ar siúl i Músaem an Phiarsaigh i Ráth Fearnáin.

D'aontaigh an Grúpa Bainistíochta Ealaíne le moladh i 2021 maidir le dul i gcompháirtíocht le Gailearaí agus Stíúideo Bharra an Teampaill agus leis an ealaíontóir Niamh O'Malley ar thionscnamh Céatadán don Ealaín.



Taispeántas Double Estate, Músaem an Phiarsaigh, Ráth Fearnáin

## Bainistiú na nEastát – Seirbhísí Oidhreachta

Is gnách go soláthraíonn OOP seirbhísí do chuairteoirí ag breis is 70 láithreán; tháinig laghdú suntasach ar na seirbhísí seo, áfach, i rith 2021. Tá muid freagrach freisin as cothabháil tírdhreacha, bithéagsúlachta agus cosaint gnáthóige do fhlóra agus fána atá faoi chosaint, chomh maith le cúram a dhéanamh do bhailiúchán thábhachtacha déantúsán, ealaíne agus stairiúla.

Tháinig méadú mór ar lón na gcuairteoirí chuig go leor láithreán atá amuigh faoin aer agus chuig láithreáin oidhreachta eile de bharr gur tháinig ardú ar an lón daoine a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí sláinte agus folláine. Cé gur cuireadh isteach ar ghnáth-phatrún na seirbhísí do chuairteoirí ag na láithreáin agus ar uaireanta oscailte don phobal, cinntiódh go mbeadh rochtain ar fáil ar na fearainn pháirce le linn na dtréimhsí dianghlásála ach chun tacú le sláinte an phobail, agus le folláine mheabhrach agus fhisiciúil.

### IONAD CUAIRTEOIRÍ THEACH AN CHUSTAIM

I 2018, chuir OOP, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), túis le mórtionscadal chun an tlonad Cuairteoirí ag Teach an Chustaim i mBaile Átha Cliath a uasgrádú, i gcomhair an taispeántais atá ann faoi láthair a athrú le go mbeadh sé ina shamhail dea-chleachtais, nua-aimseartha, idirghníomhach de léirmhíniú oidhreachta a léireodh tábhacht ailtireachta, sóisialta, cultúrtha agus polaitíochta an fhoirgnimh.



Ionad Cuairteoirí Theach an Chustaim, Baile Átha Cliath

### GARRAITHE NA LUS, GLASNAÍON

Seoladh an chéad chomórtas, Eye On Nature: grianghrafadóireacht fiadhúla mar chomhpháirtíocht idir RTÉ, OOP agus Garraithe Náisiúnta na Lus (NGB). Fuarthas breis agus 7,000 iontráil, agus fógraíodh ainmneacha an dáréag buaiteoir beo ar chlár speisialta Lá Phéile Pádraig ar RTÉ ó Gharraithe Náisiúnta na Lus.

### GARRAITHE NÁSIÚNTA NA LUS, CILL MOCHURA

Seoladh an tSeachtain Rós labhras ó Gharraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mochura (12-18 Aibreán, 2021. Sraith de thrí chaint ar líne sa tráthnóna agus sraith de chúig phodchraoladh laethúil ar bhailiúcháin Chill Mochura a craoladh agus a cuireadh ar chainéal YouTube OOP.

### BRÚ NA BÓINNE/SÍ AN BHRÚ

Rinne OOP Griancastel an Gheimhridh a chraoladh beo ó Shí an Bhrú ag Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne trí mhaidin as a chéile – 20 Nollaig, 21 agus 22 Nollaig.

### CAISLEÁN BHAILE ÁTHA TROIM

Bhí imeacht an-neamhghnách anseo nuair a tháinig Doctor Plague chuig an láithreán d'Fhéile an Phúca.

### LOCH CRAOBH

I mí Mheán Fómhair, tháinig daoine le chéile ag Loch Craobh don Mhaidneachan Cónochta.


### SCEILG MHICHÍL

Athosclaíodh Sceilg Mhichíl, an dara Suíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO atá á bhainistiú ag an OOP, do chuairteoirí le linn shéasúr 2021. Leanadh leis an obair ar an oiléan féin le foireann bheag oibre a rinne oibreachá cothabhála riachtanacha agus cuireadh túis leis an obair arís ar thionscadal an tí solais.

## CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

Bhí lón mórmícheachaí agus taispeántas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus cuireadh clár cruthaitheach gníomhaiochtaí ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar an láthair féin.

- Ceolfoireann Bharócach na hÉireann a chuir Handelffest i láthair;
- Margadh na Nollag;
- Féile Imill Bhaile Átha Cliath;
- Première domhanda ar líne de cheann de phríomh-chumadóirí ban na hÉireann, Gráinne Mulvey, mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Cheol Aireagail Bhaile Átha Cliath;



**LOVE – Milliún Réalt chun Deireadh a chur le Foréigean ag Caisleán Chill Chainnigh**

## PÁIRC AN FHIONNUISCE

Taifeadadh 1.8m cuairt chuig ionad cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce i 2021, agus taifeadadh breis is 775,000 cuairt ar an gclós súgartha le rochtain uilíoch agus thug os cionn 600,000 cuairt ar an nGarraí Cistine Victeoiriach. Rinneadh sraith teilihíse It's a Parks Life, faoi Pháirc an Fhionnuisce, agus léiríodh an obair a dhéanann foireann oilte an rannáin Réadmhaoine Stairiúil. Craoladh an tsraith ar an teilifís agus thaispeáin Aer Lingus agus eagraíochtaí eile é chomh maith.

## MÓRTHAISPEÁNTAIS

Bhí dhá thaispeántas i dTeach agus Gailearaí Gléibe i 2021: *Bailiúchán* – Sven Anderson agus Turas – Bassam Al-Sabah, Aideen Barry agus Sean Hillen.

## CAISLEÁN RÁTH FEARNÁIN

I 2021, cuireadh sraith de sheacht gceolchoirm ar líne ar siúl ó Chaisleán Ráth Fearnáin chomh maith le roinn mhaith taispeántas ealaíne.

## CAISLEÁN CHILL CHAINNIGH

- Taispeántas Networks;
- Taipéis Ros;
- Cartlann Páipéar Balla Chaisleán Chill Chainnigh;
- Moment in Time:1870-1970;
- *Irish Craft Heroes* Taispeántas i bPáirc Chaisleán Chill Chainnigh;
- Taispeántas *Cat Walk* Chill Chainnigh;
- *LOVE – Réalta chun Deireadh a chur le Foréigean*.

## CATH NA BÓINNE AG EASTÁT AN TSEANDROICHID

Bhí Aonach an Fhómhair agus Aonach na Nollag ar siúl sa Gharraí Daingean ag Eastát an tSeandroichid.

### TEACH BHAILE AN CHAISLEÁIN

I 2021, thug breis agus 1 milliún duine cuairt ar Theach agus ar Eastát Bhaile an Chaisleáin. Mar thoradh air seo, tharla díghrádú comhshaoil do na cosáin agus don bháinseach, agus rinneadh oibreacha orthu seo lena ndeisiú. Bhí monatóireacht éiceolaíoch ar siúl, cuireadh an bhithéagsúlacht chun cinn, leagadh amach clár cuimsitheach oibreacha crann agus rinneadh monatóireacht ar speicis ionracha chun a chinntíú go gcoinneofaí stádas an bhrait ghlais.

### TEACH FARMLEIGH

Cuireadh srianta ar phríomhról Farmleigh mar theach aíochta an Rialtais agus ní raibh aon chuairteanna oifigiúla nó turais threoraithe ar siúl sa teach. Nuair a ceadaíodh sin a dhéanamh, cuireadh túis le turais féintreoraithe agus turais ar an eastát agus cuireadh túis arís le hoibreacha riachtanacha ar chreatlach na bhfoirgneamh éagsúil ar an eastát.

Imeachtaí:

- Turais ar Ghairdíní;
- Péinteáil En Plein Air;
- Seachtain Oidhreachta;
- Turas Filíochta - Rambling with Words;
- Bleachtairí Crann – Tráth na gCeist féintreoraithe do leanáí ag Farmleigh;
- Imeachtaí éagsúla ealaíne agus imeachtaí amuigh faoin aer.

### MÚSAEM CHILL MHAIGHNEANN

Cé go raibh srianta daingne i bhfeidhm maidir le rochtain ar an Músaem i 2021, chuir an fhoireann líon mór imeachtaí ar siúl, ina measc:

- Seachtain Oidhreachta – Turais, Lost Prisons of Dublin. Sraith siúlódí ar leith thart ar áiteanna i mBaile Átha Cliath atá ligthe i ndearmad;
- Teach Oscailte – Turais ar an bPríosún;
- Cóláiste Dhúlaigh – Píosaí amharclainne a bhí sonrach don láithreán, spreagtha ag réada ó bhailiúchán mhúsaem Phríosún Chill Mhaighneann;
- Grúpa Oidhreachta Chill Mhaighneann Inse Chór – Oíche Philíochta;
- Seachtain Oidhreachta.



Taispeántas Oscailte Chill Mhaighneann

### Cainteanna/Turais ar Líne

- Féile Outing the Past;
- Cuimhneachán ar Éalú 1921;
- Féile Staire Bhaile Átha Cliath;
- Féile Bród Bhaile Átha Cliath.

### Seirbhísí do Chuairteoirí

Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le seirbhísí éagsúla do chuairteoirí i rith 2021:

- Feachtas- Ár nOidhreachta a Chosaint

D'oibrigh OOP agus an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), le chéile chun scéalta cuid de na láithreáin agus na séadchomharthaí is luachmhaire in Éirinn a léiriú tríd an bhfeachtas 'Ár nOidhreachta a Chosaint'.

Chuir an feachtas béim ar réimse saincheisteanna iompraíochta a tháinig chun cinn mar gur mhéadaigh brú agus suaitheadh ag go leor de na láithreán agus séadchomharthaí ní ba leochailí, go háirithe i rith na bliana roimhe sin.

- **Oiliúint don Fhoireann Threorach 2021**

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil dár bhfoireann threorach, ina measc: Feasacht maidir le Néaltrú, Feasacht agus Comhionannas maidir le Míchumas, na Meáin Shóisialta, Feasacht maidir le hUathachas, Feasacht maidir le Daoine le Deacrachtá Éisteachta, Sábháilteacht Phearsanta agus Obair Aonair agus Bainistiú Feidhmíochta.

### Clár Seirbhísí Digiteacha

- **Athbhreithniú ar an Straitéis Dhigiteach** – Athbhreithniú ar an Straitéis Dhigiteach - cheap OOP, i gcomhar le Fáilte Éireann agus DHLGH gníomhaireacht um straitéis dhigiteach chun éiceachóras turasóireachta den scoth a chruthú don phunann láithreán do chuairteoirí.
- **Áirithintí Ar Líne** – De bharr gur cuireadh deireadh le táillí iontrála, baineadh úsáid as na háiseanna ar líne go príomha chun líon na gcuairteoirí a ligeadh isteach ag aon am ar leith a bhainistiú.

### Forbairtí Inrochtana

#### Seirbhísí do na Bodhair

Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí a ndícheall Teanga Chomharthaíochta na HÉireann (ISL) a sholáthar ar iarratas. Chun rochtain a éascú táimid ag forbairt turais físe ISL a chuirfidh ar chumas na ndaoine atá bodhar páirt a ghlaicadh i gnáth-thurais sceidealaithe. Tá túis curtha ag an OOP freisin le próiseas chun léirmhíniú ISL a chur le scannán Chlosamhairc (AV); tá sampla de seo le feiceáil ar leathanach Thúr Raghnaill ar shuíomh Gréasáin Oidhreacht Éireann.

#### Oiriúnú do Dhaoine le hUathachas

I 2021, lean oiliúint maidir le Feasacht i dtíobh uathachais agus tá Treoracha Sóisialta ar fáilanois ar shuíomh Gréasáin Oidhreacht Éireann maidir le formhór na láithreán cuairteoirí de chuid OOP

#### Cárta Nónméad Amháin nó JAM (Just A Minute)

Ag deireadh 2021, chuir Seirbhísí Oidhreachta OOP túis le tionscnamh le bheith ullamh d'úsáid an Chárta JAM. Cuireann an Cárta JAM ar chumas na ndaoine a bhfuil bac cumarsáide orthu a rá le daoine eile go discréideach agus go héasca go bhfuil 'Nónméad Amháin' de dhíth orthu.

#### Oiriúnú do Dhaoine le Néaltrú

Ghlac foireann OOP páirt in oiliúint Azure (feasacht maidir le néaltrú) chun a chur ar a gcumas turais ealaíne a chur ar fáil atá saincheaptha do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá dteaghlaigh. Tá síul againn go mbeidh ar ár gcumas eispéiris atá oiriúnach do dhaoine le néaltrú a thairiscint ag breis láithreán oidhreachta.

## Seirbhísí Corparáideacha

AONAD CUMARSÁIDE

### Buaicphointí na bpleananna cumarsáide chun tacú leis an téama Ár gCaint



Feachtas Ár nOidhreacht  
A Chosaint d'ábhar  
digeach Seandálaíochta

**2,000,000**



Beoshruthú imeachtaí  
ar líne agus ceadlanna  
don fhoireann

#### FEACHTAIS I 2021

- ✓ Feachtas Bruscair
- ✓ Ná tabhair bia do na Fianna
- ✓ An tEarrach in Altamont
- ✓ Sraith Garraíodóireachta OOP
- ✓ Covid-19
- ✓ Fuireachas agus Beoshruthú Ghrianstad an Gheimhridh



OILIÚINT MEÁIN SHÓISIALTA  
agus ceardlanna don fhoireann

#### CÚRSAÍ OOP 2021

**320** ríomhphost chuig  
páirtithe leasmhara

**2,320** líon a bhí páirteach  
ar líne



**213** físeán  
i 2021

**1,465**

postáil ar mheáin  
shóisialta Oidhreacht Éireann

**66%↑** méadú ar  
lucht leanúna

**1,706**

postáil ar mheáin shóisialta na  
seirbhísí corparáideacha OOP

**52%↑** méadú ar  
lucht leanúna



Mainistir Thíneáin,  
Ros Mhic Thriúin,  
Co Loch Garman

## 4.2 Téama 2: Inbhuanaitheacht



Caisleán na Cathrach, Co Thiobraid Árann

### *Inbhuanaitheacht a chur san áireamh inár gcinntí*

Freastalaíonn an fhorbairt inbhuanaithe ar riachtanais an lae inniu, gan cur as do chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin. Is fúinn féin atá an fhorbairt inbhuanaithe, baineann sé leis an dóigh a mbainistíonn gach earnáil den tsochaí a gcuid acmhainní agus leis an meas atá againn ar ár dtimpeallacht nádúrtha agus muid ag bogadh chun cinn mar gheilleagar agus mar shochaí. Tá an inbhuanaitheacht lárnach sna beartais a gheall an Rialtas sa Chlár Rialtas, Ár d'Todhcháí Le Chéile. Is é an cuspóir atá ag OOP ná a chinntíú go ndéanann ár gcur chuige maidir le hinbhuanaitheacht na gealtanaí seo a chomhlíonadh go sásúil, go dtéimid i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil atá ag teacht chun cinn agus go gcuireann na seirbhísí a sholáthraímid le rathúnas an gheilleagair in Éirinn agus le folláine na saoránach.

### Bainistiú Riosca Tuile

#### TREOIR 'TUILTE' AN AE AGUS AN CLÁR NÁISIÚNTA UM MHEASÚNÚ AGUS UM BAINISTIÚ RIOSCA TUILE I NDOBHARCHEANTAIR (CFRAM)

Rinneadh athbhreithniú ar Phleananna um Bainistiú Riosca Tuile (FRMPs), a ullmhaíodh faoin gClár Náisiúnta um Measúnú agus um Bainistiú Riosca Tuile i nDobharcheantair (CFRAM) i 2021. Déantar athbhreithniú ar na Léarscáileanna Tuité, a ullmhaíodh faoin gclár CFRAM, nuair is gá.

#### TREOIRLÍNTE PLEANÁLA

I rith 2021, lean OOP ag cur seirbhís chomhairleach ar fáil do na húdaráis phleanála maidir le Treoirlínte an Chóráis Phleanála agus um Bainistiú Riosca Tuile (2009).

I 2021, chuir OOP ceardlanna oiliúna ar fáil freisin d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil maidir le hathrú aeráide, tuité agus conas na hábhair seo a mheas sa phróiseas pleánála, i gcomhar leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide.

#### SCÉIMEANNA FAOISEAMH TUILTE

I 2021, cuireadh cuid mhór de thrí mhórthionscadal tógála faoiseamh tuité i gCloich na Coillte, in Inis Íochtarach agus i nDeisceart na hInse i gcrích. Tugann na scéimeanna seo cosaint do bhreis is 1,600 sealúchas. I 2021, rinneadh infheistíocht chaipítíl os cionn €55m i dtionscadail tuité a bhaineann le bearta agus cláir BRT.

Lean OOP ag maoiniú na nÚdarás Áitiúil faoin Scéim Mhionoibreaca um Maolú Tuité agus faoin Scéim Cosanta an Chósta. Caitheadh €2.5m faoin Scéim i 2021.

Bhí cruinnithe ag OOP le hÁrachas Éireann gach Ráithe i rith 2021, faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana (MOU) a aontáodh i 2014.

#### CLÁR OOP UM DHRAENÁIL ARTAIREACH

I 2021, rinneadh cothabháil ar 2,125km de chainéil do dhraenáil artaireach de chuid OOP agus rinneadh cothabháil nó athchóiriú ar 116.5km de chlaifort OOP, rud a bhí tairbheach do 242,800 heicteár (600,000 acra) de thalamh talmhaiochta agus rinneadh ceantair uirbeacha, bonneagar ríthábhachtach agus breis is 20,000 sealúchas a chosaint ó thuilte.

## MONATÓIREACHT AR LEIBHÉIL UISCE

I 2021, rinne OOP cúram do stáisiún mhonatóireachta ar leibhéal uisce, agus cuireadh 27 stáisiún hidriméadrach breise ag obair chun tacú le feidhmiú scéimeanna um fhaoiseamh tuitte, ag teacht le cuspóirí um bainistiú riosca tuile (BRT) ar fud na tíre.

Lean OOP ag cur tacaiochta oibriúcháin ar fáil do na hÚdarás Áitiúla ábhartha (Corcaigh, Cathair Chorcaí agus Tiobraid Áran) chomh maith le hoibreacha cothabhála agus oibreacha feabhsúcháin (ina measc, teicneolaíocht nuashonraithe) maidir leis na córais réamhaisnéise tuitte.



Tionscadal Feabhsúcháin  
Bhruach Lios Tuathail

## TUILTE AGUS CREIMEADH CÓSTA

Cuireann OOP seirbhís taighde agus comhairleach ar fáil maidir le bainistiú rioscaí a bhaineann le tuitte agus creimeadh cósta.

I measc na bpriomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil i 2021, bhí:

- Córas Náisiúnta Réamhaisnéise Stoirmé agus Borrtha Taoide;
- Suirbhéanna monatóireachta cósta i ndeich limistéar atá i mbaol ó chreimeadh cósta;
- Cuireadh túis le suirbhéanna cósta bonnlíne ar feadh chósta an deiscirt agus cósta an iarthair (ó Chuan Chorcaí go Cuan na Gaillimhe) agus ar chósta thuaidh Lú (Loch Cairlinn) a d'aimsigh sonraí scamall-phointí ardtaifigh LiDAR agus a chruthaigh samhlacha ardaithe talún ardtaifigh (0.25m);
- Tacaíocht d'Údarás Áitiúla chun dul i ngleic le creimeadh cósta agus athruithe cois cósta;
- Cuireadh Staidéar Samhaltaithe Leibhéal Uisce agus Tonnta Chósta na hÉireann i gcrích agus tá sé ar fáil ar an suíomh [www.floodinfo.ie](http://www.floodinfo.ie)

## BAINISTIÚ NA TIMPEALLACHTA

Rinne OOP réimse measúnachta timpeallachta i seachadadh na gclár um bainistiú riosca tuile, ina measc: Measúnachtaí Straitéisearcha Timpeallachta, Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta, Measúnachtaí Leithreasaithe agus Measúnachtaí Éiceolaíochta.

## Bainistiú na nEastát – Sealúchas

### PLEANÁIL NA NEASTÁT

#### An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN)

Cheadaigh an Rialtas ciste de €2.457bn don OOP faoin PFN don tréimhse 2021 go 2030. Beidh luach de bhrefis is €4bn. ag baint leis na tionscadail a bheidh á mbainistiú ag OOP faoin PFN. Tá tionscadail arna maoiniú ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile san áireamh anseo.

De bharr an chiste seo de €2.457bn ar Vóta OOP beifear ábalta infheistíocht de €986m a dhéanamh i BRT, €80m i gcomhair Gléasra agus Trealamh agus €19m i gcomhair Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), rud a fhágfaidh fuílleach de €1.372bn le haghaidh infheistíochta i mbainistiú an Eastát agus úsáidfear €1.042bn de seo le haghaidh oibreacha nua. Tá thart ar €100m de mhaoliniú AE san áireamh anseo faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRNP). Íocfaidh an ciste as an gcuid is mó de chostas iarfheistithe Theach Tom Johnson (€44m) agus clúdóidh an fuílleach €15m de Chláir larfheistithe Fuinnimh d'Oifigí Réigiúnacha agus úsáidfear níos mó ná €40m don chostas a bhaineann le hlonad Sonrai í mBacastún.

#### Infheistíocht san Eastát

Cuirfidh an infheistíocht de €1.372bn san Eastát ar chumas OOP na cuspóirí tábhachtacha seo a leanas a bhaint amach ag teacht le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais agus le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta an AE:

- Dul i ggleic le hoibleagáidí athraithe aeráide an AE agus an Rialtais chun lorg carbóin an Eastáit a laghdú go suntasach – Infheistíocht i bhfoirgnimh nua (€330m);
- Clár Dífeidhmeachta Réadmhaoine (a chlúdaíonn creatlach foirgneamh, fuinneamh agus uasghrádú na gcóras (€412m);
- An punann chóiríochta oifige a bhainistiú go réamhghníomhach, ag teacht le Straitéis Eastát OOP maidir le forbairti a bhfuiltear ag súil leo amach anseo ar bheartais um obair chumaisc/cianoibre. €100m ar thionscadail atá ar siúl cheana féin (m.sh. feistiú do IGQ i mBaile Átha Cliath 2, Foirgneamh na nDriogairí i mBaile Átha Cliath 7, Cearnóg an Easpag, Baile Átha Cliath 2 agus an tSionainn, Co an Chláir);
- Réimse cuspóirí comhlántacha a bhaint amach san Eastát Oidhreachta maidir le caomhnú agus cur i láthair foirgneamh agus láithreán stairiúla, lena n-áirítear comhoibriú le Fáilte Éireann chun tionscadail faoi leith a chómhaioniú faoin gClár Infheistíochta Turasóireachta (€200m ar fud gach réimse den Eastát);
- Dualgais faoi Chomhaontú CPP ICBÁC a chomhlíonadh (€250m);
- Éadálacha réadmhaoine agus deontais riachtanacha a mhaoiniú (€80m).



Stáisiún Gardaí  
Dhún na nGall

## INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL AGUS LEICTREACH (M&L)

### Cothabháil Phleanálite agus Frithghníomhach

Is í an Rannóg Innealtóireachta M&L an príomhsholáthraí seirbhísí cothabhála coisctheacha pleánáilte agus frithghníomhacha, a chlúdaíonn gach gné de sheirbhísí meicniúla agus leictreacha i bhfoirgnimh chliaint OOP. Stiúrann agus bainistíonn an rannán deasc chabhrach OOP agus cuireann sí seirbhís chomhroinnte ar fáil do ghnáth-chonarthai cothabhála M&L i mbreis agus 2,000 réadmhaoin ar fud na tíre. Cuireann an Rannán M&L Seirbhís Bainistíochta Saoráidí ar fáil freisin i ról comhairleach do Ghníomhaireachtaí agus Ranna eile agus ról bainistíochta maidir lenár bpunann conarthaí féin.

### Figiúirí Ceannlíné agus Staitisticí 2021



Samplaí tábhachtacha de thionscadail a cuireadh i gcrích i 2021:

- F-ghás nua: 25 tionscadal curtha i gcrích ar chostas €520,000;
- Ardaitheoirí nua: 26 tionscadal curtha i gcrích ar chostas €1.5m;
- Dabhcha ola nua: 9 dtionscadal curtha i gcrích ar chostas €120,000;
- Piobáin luaidhe nua: 80 suirbhé críochnaithe;
- Tástáil agus comhlíontacht Leictreach: Rinneadh tástáil agus deisiúchán i 103 láithréan ar chostas €550,000;
- Oibreacha roghnacha M&L do chliaint- ranna: Costas de €1.3m.
- Clár Uasghrádaithe Coirí: 22 tionscadal curtha i gcrích ar chostas €3.5m

## Feidhm um Chliant Cliste

Gníomhaíonn Rannán M&L mar chliant cliste ar son eagraíochtaí éagsúla Stát agus Ranna eile maidir le tionscadail thábhachtacha, ina measc:

- Gailearaí Crawford, Corcaigh;
- Ionad Náisiúnta um Ríalú Traenach, Stáisiún Heuston.

## Seirbhís Sholúbtha agus sofhareagrúil do Ranna ár gCliaint

Cuireann Rannán M&L seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do thionscadail i ranna ár gclaint. Seo a leanas roinnt samplaí 2021:

- Na Coimisinéirí Ioncaim, Bóthar Naomh Eoin – Oibreacha cumasaithe;
- Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Bloc J – Athlonnú Seomra Freastalaí;
- Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Bloc J – Snáithíní ar athchúrsa;
- Músaem Stair an Dúlra – Oibreacha cumasaithe.

## Comhairle ó M&L do Bhainistíocht Sealúchais maidir le Measúnú ar Roghanna Léasanna/Ceannaigh

Tugann Rannán M&L an chomhairle theicniúil is gá le haghaidh réitigh breithmheasa sealúchais. I gcásanna áirithe, is féidir le hinmharthanacht an réitigh atá molta a bheith ag brath ar thoradh breithmheasa M&L agus mar sin, is gné thábhachtach den phróiseas é seo, agus cuirtear maoiniú inmhéanach ar fáil len aghaidh.

## INNEALTÓIREACHT SHIBHALTA AGUS STRUCHTÚR (S&S)

I 2021, bhí baint ag Innealtóirí S&S le roinnt foirgneamh nua agus athchóirithe agus cuireadh seirbhísí ar fáil ag gach céim den obair chun a chinntíú go mbeadh inbhuanaitheacht san áireamh in obair thógála de chuid an eastáit.

Samplaí:

- Cathair Chomáin, Co an Chláir – Ardán féachana – Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh mionsonraithe i 2021;
- Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath – athchóiriú Ionad do Chuaireoirí – Dul chun cinn maidir le hobair thógála i 2021;
- An Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara – Oibreacha athchóirithe ar an Sciathán Thiar – Dul chun cinn maidir le réamhphleanáil i 2021;
- Ionad Tyrone Guthrie – Umar dóiteáin agus oibreacha a bhain leis – Móroibreacha curtha i gcrích i 2021;
- Ionad Cuaireoirí Bhaile Átha Troim – Dul chun cinn déanta maidir leis an gcéim fhéidearthachta i 2021.

## Stáisiúin an Gharda Cósta

- Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo – Cáipéisí tairisceana ullmhaithe i 2021;
- Cathóir, Co Loch Garman – Tuairisc struchtúir eisithe i 2021;
- Dairbhre, Co Chiarraí – Crann nua – dearadh mionsonraithe críochnaithe i 2021;
- Ráth an Bharraigh, Co Chorcaí – Réamhdhearadh críochnaithe i 2021;
- Cill Dalua, Co an Chláir – Tuairisc struchtúir eisithe i 2021;
- An Cloigean, Co na Gaillimhe;
- Bun Machan, Co Phort Láirge – Réamhdhearadh críochnaithe i 2021.

## Stáisiúin an Gharda Síochána

- Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce – Bloc N, rinneadh dul chun cinn leis an obair thógála i 2021;
- An Cabhán, Co an Chabháin – Críochnaithe i 2021;
- Maigh Chromtha, Co Chorcaí – Rinneadh dul chun cinn maidir le réamhphleanáil i 2021;
- Cluain Meala, Co Thiobraid Árann – Rinneadh dul chun cinn maidir le réamhphleanáil i 2021;
- Móinteach Mílic, Co Laoise – Rinneadh dul chun cinn maidir le réamhphleanáil i 2021;

- Baile na Lorgan, Co Mhuineachán – Rinneadh dul chun cinn maidir le huasghrádú na gcillíní i 2021;
- Carraig Mhachaire Rois, Co Mhuineachán – Rinneadh dul chun cinn maidir le huasghrádú na gcillíní i 2021;
- Baile Átha Í, Co Chill Dara – Rinneadh dul chun cinn maidir le huasghrádú na gcillíní i 2021.



"Regather" dealbh déanta as gaineamh ar taispeáint ag Caisleán Bhaile Átha Cliath

## BAINISTIÚ SEALÚCHAS

### Bainistiú na nEastát

#### Léasanna

Is ceann de phríomhfeidhmeanna OOP cóiríocht a chur ar fáil do gach Roinn Rialtais. Is é cuspóir OOP punann réadmhaoine a shealbhú, a bhainistiú agus a chothabháil don Státseirbhís, do na Gardaí agus do Chomhlachtaí Stáit eile ag teacht le riachtanais an Rialtais i dtéarmaí méide, suíomhanna, sonraíochta, luach ar airgead agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an gcóiríocht sin. B'ionann an caiteachas ar an bhfotheideal cíosa i 2021 agus an méid a bhí réamh-mheasta ina leith.

Tá Rannán um Bainistiú Sealúchais mar chuid de roinnt foirne ildisciplíneacha a bhfuil sé de chúram orthu cóiríocht nua a sholáthar a chuirfidh leis an bpunann iomlán.

#### Léasanna nua i 2021

Glacadh 12 léas nua i 2021 ar cíos bliantúil de €3.4m. Géilleadh 21 léas eile i 2021 a raibh luach de €1.7m ag baint leo.

### Sealúchas a díoladh i 2021

Le linn dhá mhí dhéag na bliana 2021, rinneadh 14 idirbheart réadmhaoine san iomlán agus bhí ioncam de bhrefis is €1.5m mar thoradh orthu. Aistríodh seacht gcinn chuig comhlachtaí Stáit eile, agus díoladh cúig cinn ar ceant poiblí, agus dhá cheann trí chonradh príobháideach.

Fuair an Oifig na Sealúchais seo a leanas i 2021

- **Suíomh Stáisiún an Gharda Síochána i gCoill an Chollaigh** – Ceannaíodh suíomh lámh le NIB don stáisiún Gardaí.
- **Suíomh Stáisiún an Gharda Síochána i dTobar an Choire** – Ceannaíodh an suíomh agus sealúchas lámh leis chun stáisiún gardaí nua a thógáil.
- **Oifig Leasa Shóisialaigh Bhaile Bhrigín** – Ceannaíodh cóiríocht d'oifigí na Roinne Coimirce Sóisialaí.

### Bainistiú na nEastát – Seirbhísí Oidhreachta

## TIONSCADAL UM CHÓRAS BAILIÚCHÁIN EALAÍNE AGUS OIDHREACHTA (AHCS)

Déanann OOP cúram dár mbailiúcháin agus dár láithreán de réir chaighdeán gairmiúil na músaem; Faoi láthair, tá ocht sealúchas de chuid OOP páirteach i gClár na Comhairle Oidhreachta um Chaighdeán Mhúsaem d'Éirinn (CCMÉ), mar a leanas; Baile an Chaisleáin, Farmleigh, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Caisleán Rath Fearnáin, Scoil Éanna, Príosún Chill Mhaighneann, Gailearaí na Gléibe agus Caisleán Chill Chainnigh agus tá siad ar fad lán-chreidiúnaithe.

Tá Seirbhísí Oidhreachta OOP freagrach as oibreacha cothabhála ar chreatlach na struchtúr cosanta agus na bhfoirgneamh stairiúil ina bhfuil forais chultúir agus Ranna Stát agus Rialtais lonnaithe.

I measc na n-oibreacha seo, rinne Seirbhísí Cothabhála Foirgnimh (SCF) de chuid OOP cothabháil rialta ar an Eastát Stairiúil; mionoibreacha caomhnaithe agus uasghrádaithe; chomh maith le tionscadail chaipitil níos mó atá mar chuid de Chlár na bhForas Cultúir 2040.

Rinneadh oibreacha caomhnaithe éagsúla ag Teach Uíbh Eachach agus ag Teach an Chustaim. Leanadh le comhdhlúthú cloiche ar chruinneachán cáiliúil na gCeithre Cúirteanna agus rinneadh oibreacha dín ar Theach Laighean, ar an Ard-Mhúsaem agus ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath.

Chuir na SCF de chuid OOP tionscadail i gcrích a bhí an-éagsúil, ar nós, thaispeántas Colmcille: Réada Beannaithe an Naoimh Naofa san Ard-Mhúsaem i Sráid Chill Dara, oibreacha siúinéireachta mar chuid d'athchóiriú ionad Cuairteoirí Theach an Chustaim, agus bainistíu oibreacha athchóirithe agus uasghrádaithe na seirbhísí in Casino Marino.

## MÚSAEM STAIR AN DÚLRA


I 2021, leanadh ar aghaidh le hoibreacha cumasaithe chun taispeántais Stair an Dúlra a bhaint anuas, sula dtosófaí ar na hoibreacha atá beartaithe ar an díon ansin. Ba shaothar casta a bhí i gceist anseo, ar nós, na cnámharlaigh míolta móra nár bogadh ó suiteáladh iad (i 1909 nó roimhe) a aistriú. Chuir na SCF ardáin agus deiceanna oibre ar fáil ionas go bhféadfáí na cnámharlaigh míolta móra agus eiseamail mhóra a bhaint anuas go sábhálite i Músaem Stair an Dúlra, le go mbeifí ábalta tú a chur leis an tionscadal speisialta seo.

## AN MÚSAEM NÁSIÚNTA ALTIREACHTA

Tá dul chun cinn déanta ar an dara céim dheisiúcháin ar an gCruinnteach agus tá oibreacha uasghrádaithe breise inmheánacha ar síúl ar an suíomh. Tá an Straitéis Tionscadal Caipitil maidir le caomhnú fabraice, inrochtaineacht agus seirbhísí agus cur i láthair bhailiúchán an mhúsaeim ag dul chun cinn.

## AN LEABHARLANN NÁSIÚNTA

Tá cáipéisí á n-ullmhú i gcomhair na gcéad chéimeanna eile, Conradh d'Fhabraic Sheachtrach an Sciatháin Thiar agus an síneadh atá le cur leis agus spásanna do thaispeántais phoiblí, áiseanna agus rochtain oríúnach do chách. Leanadh le hoibreacha cumasaithe eile chomh maith ionas go mbeidh an Leabharlann ábalta feidhmiú le linn na bpriomhoibreacha tógála.



Na Ceithre Cúirteanna, Cé na gCeannaithe, Baile Átha Cliath

## AN GAILEARAÍ NÁSIÚNTA

Leanadh le clár de mhionoibreacha uasghrádaithe in ionad an Ghailearaí Náisiúnta i rith 2021. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na chéad chéimeanna eile de mhóróibreacha caipitil atá beartaithe don Ghailearaí.

## SEIRBHÍSÍ LEANÚNACHA OIDHREACHTA – CAOMHNÚ AGUS TIONSCADAIL SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA FOIRGNIMH

Leanadh le hoibreacha, ag cloí le bearta Covid-19 an Rialtais, ar roinnt tionscadal caomhnaithe, daingnithe, deisiúcháin agus sláinte & sábhálteachta ag láithreáin OOP.

## Seirbhísí Corparáideacha

Thacaigh feidhm Sheirbhísí Corparáideacha na hOifige le réimsí gnó, le cur ar a gcumas dul i ngleic le gealltanais maidir le hinbhuanaitheacht mar atá leagtha amach sa Chlár Rialtas, Ár dTodhchaí Le Chéile, agus tugadh tacaíocht ionas go bhféadfaí misean OOP a sheachadadh ar bhealach inbhuanaithe.

### TFC

Chuir Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide réiteach seirbhísí prioritála bainistithe (MPS) i bhfeidhm i 2021 chun éifeachtúlacht na prioritála chomh maith le costéifeachtúlacht a fheabhsú. Cuirfidh MPS tuairiscí bainistíochta mionsonraithe maidir le húsáid printéirí agus úsáid páipéis ar fáil agus beifear in ann prioritáil a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach de réir Bheartas Prioritála OOP agus Gealltanás an Chathaoirligh maidir le Prioritáil.



Límitéar Stórála um  
Tuile, Cill Bheagóige,  
Cában tSíle, Co. Bhaile  
Atha Cliath

## 4.3 Téama 3: Gníomhú ar son na hAeráide

### *Tionchar an athraithe aeráide a mhaolú agus muid féin a oiriúnú dó*

Tá tionchar suntasach ag athrú aeráide ar ár ngeilleagar, ár sochaí agus ár dtimpeallacht cheana féin agus leanfaidh sé ag cur isteach orainn sa todhchaí. Tá an tionchar seo le feiceáil againn cheana féin, m.sh. tuilte, adhaimdir agus leibhéal na bhfarraigí ag ardú. Tá beartais agus straitéisí á n-ullmhú agus á gcur i bhfeidhm ag an Rialtas chun a sprioc fhadtéarmach a bhaint amach, maidir le haistriú faoin mbliaín 2050 go geilleagar ísealcharbóin, a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide agus a bheidh inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta. Tá siad seo leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 de chuid an Rialtais agus tabharfaidh OOP túis áite d'fheidhmiú a gníomhaiochtaí maidir leis seo agus na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach.



Scéim Faoisimh Tuile  
Chloich na Coillte.  
Buaitoир sa Chatagóir  
Nuáláiochta –  
Mórthionscadail, ACEI  
Duais Ardchaighdeán  
Innealtóireachta 2022

### Bainistiú Riosca Tuile

#### GRÚPA IDIR-RANNACH AR ATHRUITHE COIS CÓSTA

Bhunaigh an Rialtas Grúpa Idir-Rannach chun Athruithe Cois Cósta a Bhainistiú. Oibríonn an Grúpa Idir-Rannach faoi chomh-chathaoirleacht OOP agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. I rith 2021, rinne an Grúpa dul chun cinn ina gcuid oibre agus tá sé beartaithe roghanna agus moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais i 2022.

#### PLEAN ORIÚNAITHE EARNÁLA UM ATHRÚ AERÁIDE DO BHAINISTIÚ RIOSCA TUILE

Sa chlár CFRAM, rinne OOP measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide agus tá Plean Oriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide do Bhainistiú Riosca Tuile 2019 – 2024 ullmhaithe aici, de réir cheanglais an Chreata Náisiúnta Oriúnaithe agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019. Tá dul chun cinn leanúnach ar siúl, agus táthar ag cur na ngníomhaiochtaí atá leagtha amach sa Phlean Oriúnaithe Earnála i bhfeidhm.

## Bainistiú na nEastát – Sealúchas

### OIFIG AN ALTIRE/ PHRÍOMH-ALTIRE AN STÁIT

De réir an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, tá Oifig an Phríomh-Ailtire/Ailtire an Stáit in Oifig na nOibreacha Poiblí i gceannas ar fhorbairt threoircháipéisí ábhartha maidir le príomhchrítéir inbhuanaitheachta. Tá treochláir ar fáil chun go mbainfear úsáid níos minice as roghanna ábhar tógála le carbóin íseal le linn oibreacha tógála. Beidh próiseas comhairliúcháin, a thionólfar le príomhpháirtithe leasmhara, agus a gcuirfear túis leis i mí na Samhna 2021, bunaithe ar dhréacht-Threochlár. Déanfaidh an próiseas comhairliúcháin seo ábhar an dréacht-Threochlár a tháistí agus beidh aiseolas ábhartha curtha san áireamh ann sula gcuirfear an Treochlár i gcrích agus sula ndéanfar é a fhaomhadh i R1 i 2022.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Oifig an Ailtire Stáit agus Rannán na Mórthionscadail ar chóras ISO OOP chun inbhuanaitheacht a chur san áireamh, trí thionscadal chun carbón corporaithe a ríomh.

### INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL AGUS LEICTREACH

#### Optimising Power @ Work


Déanann Rannán Innealtóireachta M&L in OOP an feachtas caomhnaithe fuinnimh Optimising Power @ Work, sa Rialtas Láir agus in eagraíochtaí na hearnála poiblí araon, a bhainistiú agus a sheachadadh. Cuirtear seirbhísí comhairliúcháin ar fáil freisin do mhórthionscadail iarfheistithe dhomhain atá beartaithe. Tá Rannán Innealtóireachta M&L agus an Rannán Cothabhála Sealúchais ag obair chun Clár Pathfinder OOP/Údarás Fuinnimh Inmharthana na HÉireann (UFIÉ) de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) a sheachadadh chomh maith le Clár Iarfheistithe Fuinnimh an NRRP/PFN.

#### Caomhnú Fuinnimh

Tá an tAonad um Chaomhnú Fuinnimh (ECU) sa Rannán M&L i gceannas ar réimse an chaomhnaithe fuinnimh agus déanann siad cláir a bhainistiú maidir leis an Rialtas Láir agus an earnáil phoiblí i gcoitinne. Oibríonn an ECU go dlúth leis na príomh-Ranna agus na príomhghníomhairescaí Rialtais ar a bhfuil dualgais maidir leis an Athrú Aeráide in Éirinn, ina measc, an DECC, UFIÉ agus an DHLGH (atá freagrach as rialacháin foirgníochta).

Seo a leanas na príomhchláir atá á mbainistiú ag an Aonad um Chaomhnú Fuinnimh faoi láthair:

- **Optimising Power @ Work** – Clár an Rialtais Láir: clár caomhnaithe fuinnimh i mbreis is 270 foirgneamh de chuid an Rialtais láir (buiséad bliantúil -that ar €1.2m);
- **Optimising Power @ Work** – Clár na hEarnála Poiblí: clár caomhnaithe fuinnimh i bhfoirgneamh na hearnála poiblí, ina measc, ospidéil, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal, príosúin, Údaráis Áitiúla, srl. (buiséad bliantúil - that ar €1.1m);
- **Clár Iarfheistithe Fuinnimh:** comhthionscnamh idir DECC, UFIÉ agus OOP i gcomhair iarfheistíú fuinnimh a dhéanamh i bhfoirgnimh an Rialtais láir (buiséad reatha de €21m thar thréimhse trí bliana).



Oileán PNTA an Chuilinn, An Gleann Garbh, Beanntraí, Co Chorcaí

## Bainistiú na nEastát – Seirbhísí Oidhreachta

I 2021, lean OOP ag déanamh obair chothabhála agus cúram de na Séadchomharthaí Náisiúnta agus de shealúchas Oidhreachta atá faoi chúram an Stáit.

### IONAD CUARTEOIRÍ CHATH NA BÓINNE AG EASTÁT AN TSEANDROICHID

Athosclaíodh Gairdín Ochtagán do chuairteoirí i 2021 tar éis oibreacha chun crainn a bhfuil tábhacht stairiúil leo a chaomhnú laistigh den spás. Níl aon struchtúr eile mar seo in Éirinn agus is spás suaimhneach atá ann do chuairteoirí i lár an eastáit seo atá fíorghnóthach.

### CRANNLANN JOHN F. KENNEDY

Tá an bailiúchán crann is mó ar oiléan na hÉireann i láithreán JFK agus ina theannta sin tá go leor trialacha crann foraoiseachta ar siúl ann. I rith 2021, fuair an Crannlann bailiúcháin mhóra de chrainn bhuaircíneacha atá i mbaol, ón Tionscadal Idirnáisiúnta um Chaomhnú Buaircíneach. Táthar ag déanamh cúram do thart ar 1,300 crann as 24 speiceas atá i mbaol i límistéar c.4 heicteár. Beidh sé seo ar an mbailiúchán plandála aonair is mó de chuid an Tionscadail, atá faoi bhanistíocht Gharraithe Ríoga na Lus i nDún Éideann.



Cúirt Ioma, Co Laoise

### CÚIRT IOMA

Thosaigh OOP ar an dara céim de mhóroibreacha ar Chúirt Ioma, Co Laoise, atá á mhaoiniú faoin gcéad incrimint den Chiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.

### CÚIRT DHÚN AR AILL

Tosaíodh caomhnú agus cur i láthair an Chéad Urlár ar an láthair i mí na Nollag 2021. Táthar ag súil go mbeidh sé seo oscailte do chuairteoirí i samhradh na bliana 2022. Bhí Féile Chultúrtha – Curious Gardens – ar siúl sna Gaídíní Daingne. D'éirigh thar cionn leis agus ba é sin an t-imeacht ba shuntasáí anseo i 2021.

### TEACH AGUS GAIRDÍNÍ ALTAMONT

Oibreoidh Foireann Deartha Comhtháite nua le OOP chun an láithreán a fhorbairt agus tá áiseanna páirceála uasghrádaithe pleanálte, chomh maith leis an gClós Eibhir agus Clós an Chloighí a oscailt, saoráidí níos fearr a chur ar fáil do chuairteoirí, ar nós, spás caifé, gailearaí agus límistéir thaispeántais chomh maith le níos mó úsáide a bhaint as an bPríomhtheach.

## GARRÁN ÁINE

Críochnaíodh tionscadal caomhnaithe cosán agus céimeanna i rith 2021, mar ullmhúchán d'oscailt an láithreán don chéad séasúr ionlán do chuairteoirí i 2022. Rinneadh obair shuntasach freisin ar scéimeanna plandála sna gairdíní.

## GRADAM NA MBRAT GLAS

Sa bhliain 2021, bronnadh Gradaim an Bhrait Ghais ar Oifig na nOibreacha Poiblí, is é sin Creidiúnú Idirnáisiúnta maidir le Feabhas Páircéanna, de bharr bhainistiú páircéanna agus gairdíní ag Faiche Stiabhna, Gairdíní Uíbh Eachach, Baile an Chaisleáin, Doire Fhionnáin, Oileán an Chuilinn, Crannlann Fóite, Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin, Gairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Chogaidh na hÉireann agus Páirc an Fhionnuisce. Fuair Ionad Cuairteoirí Chath na Bónne ag Eastát an tSeandroichid Gradam an Bhrait Ghais agus Creidiúnú do Shuíomh Oidhreachta Glas i 2021. Bhain Gairdíní Cuimhneacháin Chogaidh na hÉireann gradam an Bhrait Ghais Oidhreachta amach don dara huair freisin.



Boscaí dlúthúcháin bruscair nua curtha ar fáil i bPáirc an Fhionnuisce

## BITHÉAGSÚLACHT

I 2020, chríochnaigh éiceolaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, iniúchadh a mhair ar feadh bliana ar an mbithéagsúlacht ag Áras an Uachtaráin. Tosaíodh ag cur na moltaí atá sa staidéar i bhfeidhm i rith 2021, m.sh tugadh isteach an pór neamhchoitianta Eallaigh darbh ainm Dexter le cur ar na tailte féaraigh agus bailíodh síolta dúchasacha anseo le haghaidh crann a phlandáil sa todhchaí. Tá dul chun cinn maith déanta ar athchóiriú an ghairdín cistine orgánach Victeoiriach ar láithreán Áras an Uachtaráin, agus tugadh isteach 65 cineál oidhreachta dúchasach chomh maith. Críochnaíodh roinnt tionscadal tábhachtach i 2021, ina measc, uasghrádú agus athdhromchlú breis is 2km den bhóthar Thuaidh, agus cosán san áireamh. Cuireadh dromchla nua ar na carrchlóis go léir ar an taobh thoir den pháirc agus cuireadh marcanna líne orthu, agus dá bharr seo, tá 20% de spásanna páirceála breise ar fáil don phobal. Dúblaíodh spásanna páirceála rothar agus deisíodh roinnt lánaí rothar.

Leanadh le clár athchóirithe i Lóiste Choimeádaí na bhFianna.

Cuireadh boscaí dlúthúcháin bruscair ar fáil i bPáirc an Fhionnuisce agus i bhFaiche Stiabhna ar bhun trialach. Bhí siad seo thar a bheith éifeachtach agus chuir an pobal fáilte rompu.

Tugadh isteach córas sábháilteachta digiteach nua i gclóis súgartha uile an OOP ar fud na tíre le haghaidh iniúchta, cothabhála agus bainistíochta.

## STRAITÉIS BHITHÉAGSÚLACHTA

Tá sé beartaithe Straitéis Bhithéagsúlachta OOP a fhoilsíú i 2022.



Ceardaithe SCF ag obair ar  
Theach an Chústaim, Baile  
Átha Cliath

## 4.4 Téama 4: Daoine agus Próisis

### Ár gcumas eagraíochtúil a fheabhsú

Is iad ár bhfoireann a chinntíonn go mbíonn rath ar obair OOP. Is éard atá i gceist le cumas eagraíochtúil ná an meascán ar leith scileanna, próisis, teicneolaíochtaí agus inniúlacht dhaonna a chuireann ar ár gcumas seirbhís den scoth a chur ar fáil. Thacaíomar lenár bhfoireann ionas go raibh ar a gcumas a n-inniúlachtaí agus a ngairmeacha beatha a fhorbairt le teacht le riachtanais eagraíochtúla na hOifige, agus ag an am céanna, ag dul chun leasa dá bhforbairt phearsanta féin. Glacann ár bhfoireann go fonnmar le hathruithe ar mhaithe le feabhas a chur ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre. Táimid tiomanta go hiomlán maidir leis an gclár leanúnach athraithe sa Stáitseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear, Ár Seirbhís Phoiblí 2020. De bharr na bpróiseas atá leagtha amach againn maidir leis an dóigh a n-oibrímid, tá OOP chun tosaigh maidir le caighdeáin den scoth a bhrú chun cinn. Sampla de sin is ea an dóigh a mbainistímid infheistíocht phoiblí agus seachadadh tionscadal ar bhealach solúbtha agus a bhíonn dírithe ar ár gclaint agus an dóigh a gcuirimid oidhreacht na hÉireann i láthair don phobal. Leanfaimid ag neartú ár gcumas eagraíochtúil i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, agus ina bhfuil riachtanais agus ionchais ag síorathrú.



Foireann OOP

### Seirbhísí Corparáideacha

#### BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

I 2021, chuir gníomhaíochtaí um Bainistiú Acmhainní Daonna feabhas ar ár gcumas eagraíochtúil, ag díriú ar thacaíocht agus ar fhorbairt fairne agus ar fheabhsúcháin na bpróiseas.

Bhí siad seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí:

- Cuireadh a lán tacaíochta ar fáil d'fhostaithe agus do bhainisteoirí i dtréimhse ina raibh athruithe ag tarlú de bharr phaindéim Covid-19. Athosclaíodh roinnt ionad oibre agus tugadh tacaíocht dóibh siúd a bhí ag obair sna hionaid seo, pléadh samhlacha d'Obair Chumaisc a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm sa todhchaí, agus díriodh go háirithe ar shábhálteacht, sláinte agus folláine fostaithe ag an obair le linn na paindéime.
- Lean an earcaíocht agus an roghnú, earcaíodh oibrithe nua, fuair fostaithe ardú céime agus rinneadh roinnt aistrithe inmheánacha fairne. Rinneadh cuichíóiriú ar chomórtais earcaíochta inmheánacha, agus bhí níos mó comórtas den chineál seo ar siúl ar líne. Leanadh ar aghaidh ag tacú le forbairt ghairmiúil agus pearsanta na fairne trí úsáid a bhaint as níos mó acmhainní foghlama ar líne chomh maith le gníomhaíochtaí agus imeachtaí fíorúla.
- Bhí tionscnaimh a bhain le folláine agus rannpháirtíochta ar siúl i rith na bliana, ina measc, gníomhaíochtaí sóisialta ar líne, cursaí cothaithe sláinte, imeachtaí tiomsaithe airgid, cóisir Nollag fhíorúil agus ullmaíodh Plean Gníomhaíochta um Rannpháirtíochta Fostaithe bunaithe ar an suirbhé is déanaí maidir le rannpháirtíochta fostaithe sa státseirbhís.
- Lean an Oifig ag cosaint comhionannas agus cearta an duine i dtaca lenár bhfoirne oibre trí bheartais agus cleachtais chomhionannais agus dínite de chuid na Bainistíocha Acmhainní Daonna, agus seoladh polasaí nua um Dhínit ag an Obair dár bhfoireann oibriúcháin.

## AN TAONAD CUMARSÁIDE

Buaicphointí - cumarsáid inmheánach:

- Eisfodh fógra don fhoireann gach seachtain agus foilsíodh é ar [gov.ie](#) d'fhostaithe oibriúcháin;
- Cumarsáid ón gCeanncheathrú agus eolas uasdáitithe don fhoireann;
- Léiríodh ceithre fhíseán tionscadail agus rinneadh poiblíocht ina leith go hinmheánach;
- Tacaíocht chumarsáide do Sheachtain na Nuálaíochta;
- Tacaíocht chumarsáide don Chomhdháil Bhithéagsúlachta 26-27 Bealtaine – ghlac 596 ball fairne páirt anseo;
- Imeachtaí fairne ar líne chun dul i ngleic le scoiteacht le linn phaindéim Covid 19;
- Foilsíodh dhá eagrán den iris Obair;
- Tacaíocht aistrithe - MangoApps curtha ar fáil;
- Fógraíodh Inlín nua 'Swift', agus rinneadh poiblíocht ar thaispeántas ar líne i mí Mheán Fómhair – d'fhreastail 130+ ball fairne air.

The screenshot shows the OPW intranet homepage. On the left is a sidebar with links for Dashboard, SWIFT, News Feed, Messages, Posts, People, Groups, Learn, Media Center, Stór, OPW Document, and Ideas. The main content area has a banner with the text 'Need some help?' and an email address 'Email: newintranet@opw.ie'. Below the banner are sections for 'OPW ACTIVITIES AND EVENTS' featuring 'Brightside' (The OPW Employees' Benevolent fund) and 'OPW Brightside Christmas Fundraiser 2021'. There is also a 'COMMUNICATIONS' section for 'Weekly Update' (Weekly Communication 9 December, 2021). A 'QUICK LINKS' sidebar on the right includes icons for Clocking, Staffwise, P2P/T&S, Foireann, Peoplepoint, and More. At the bottom right, it says 'Inlín nua OOP 'Swift''.

## AONAD BEARTAIS

Lean an tAonad Beartais dá chuid oibre ag tacú le feidhm chomhlíontachta na hOifige, ag ciintiú gur comhlíonadh dualgais reachtúla OOP; rinne an t-aonad comhordú ar bhainistíocht OOP maidir le beartais rialtais uile agus beartais idir-rannacha a bhaineann le hathchóiriú agus athnuachan na Státseirbhise agus na Seirbhise Poiblí; agus tugadh tacafocth do nationscnaimh éagsúla fairne agus d'fheidhmiú beartais de réir mar ba ghá. Chinntigh an tAonad Beartais gur comhlíonadh dualgais OOP faoi Scéim na dTeangacha Oifigiúla – Gaeilge. D'éascaigh an tAonad fóram Compháirtíocha OOP agus bhí 13 cruinníú i gceist i 2021, agus rinneadh bainistiú ar Phlean Freagartha Covid-19 don OOP chomh maith.

## SEACHTAIN NA NUÁLAÍOCHTA 2021

Le linn sheachtain Nuálaíochta na Seirbhise Poiblí, a bhí ar siúl ón 8 go dtí an 12 Samhain, réachtáil OOP roinnt imeachtaí inmheánacha a léirigh an obair a rinne na daoine a chuir iarratais isteach ar Ghraídam Shármhaiteasa agus Nuálaíochta OOP na bliana seo, agus chuaigh cuid acu ar aghaidh chuig gradaim Shármhaiteasa agus Nuálaíochta na Státseirbhise.

D'éirigh le hiontráil Aonad Breatimeachta OOP, "Bonneagar agus Saoráidí Éigeandála don Bhreatimeacht", duais a bhaint amach ag gradaim 2021.

Ina theannta sin, fuair Seirbhísí Caomhnaithe maioniú faoi Chiste Nuálaíochta na Seirbhise Poiblí 2021 chun 'treoirstruchtúr a fhorbairt le haghaidh athchóiriú fuinnimh dhomhain a dhéanamh ar réadmhaoin stáiriúil na hearnála poiblí'.

Cheadaigh an Rialtas Ráiteas Straitéise OOP 2021-2024 ar an 2 Feabhra 2021. Cuireann an Straitéis nua leis na Ráitis Straitéise a bhí ann roimhe seo agus déantar iarracht leanúnachas a chinntí. Sa straitéis, cuirtear san áireamh an Clár don Rialtas, Ár dTodhchaí Le Chéile agus léirítear straitéisí níos leithne de chuid an Rialtais, ar nós, Ár Seirbhís Phoiblí 2020, Tionscadal Éireann 2040, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus Oidhreacht Éireann 2030.

## TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE

Na príomhspriocanna a bhain an tAonad TFC amach i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na hOifige i 2021:

- Feidhmchlár iniúchta soghluaiste (Mpro5) curtha ar fáil ag láithreán Réadmhaoine Stairiúla chun iniúchtaí ar chlóis súgartha a bhainistiú. Tástáil phíolótach ar Fheidhmchlár Iníúchta Crann Mpro5.
- Feidhmchlár iniúchta soghluaiste (Mpro5) curtha ar fáil d'Fhoireann na nDeasc Cabhrach Fabraice.
- Crutháodh deais um thuairisciú bainistíochta (Tableau) i réimsí gnó OOP.
- Tástáil phíolótach ar theicneolaíocht braiteora comhshaoil (feistí IoT) sa Red House, Dún Úí Choileáin.
- Soláthar don chóras stórais leictreonaigh curtha i gcrích.
- Córás nua AD ar fáil don fhoireann oibriúcháin.
- Ardteicneolaíochaí cibearshlándála curtha i bhfeidhm.
- Críochnaíodh Céim 2 de bhunachar sonraí na Sócmhainní Cultúrtha (Axiell).
- Ionad Oibre Digiteach (MangoApps) curtha i bhfeidhm agus inlíníon nua cruthaithe.
- Tástáil phíolótach ar theicneolaíocht uathoibrithre phróisis róbait i rannán na gCuntas.
- Bunáodh grúpa úsáideoirí dróin chun cabhrú le beartas dróin a ullmhú don OOP.
- Cuireadh ardán Unified Communications (8x8) ar fáil agus leanadh ag cur tacaíochta ar fáil do chianobair.
- Coimisiúnú iomlán ardchórais chlosamhairc agus seomraí cruinntithe i 1GQ.

## CÓRAS UM BAINISTIÚ NA NEASTÁT

### Feidhmiú an Chórais Bainistíochta Comhtháite san Ionad Oibre (IWMS):

Tá Céim 1 den IWMS, ar a dtugtar IBM TRIRIGA, ina bhfuil "Cothabháil a Bhainistiú", i bhfeidhm i ngach réimse de Chothabháil Sealúchais ó mhí lúil 2021. De bharr na feidhmiúlachta seo, tá breis uathoibrithre agus caighdeánú déanta maidir le próisis ábhartha agus tá faisnéis maidir le cothabháil laistigh den OOP le feiceáil níos soiléire. Le 2021, leanadh le comhairliúchán agus obair eile ar chur chun cinn Chéim 2 (ina bhfuil modúl "Bainistiú Sealúchais agus Léasanna") chun IWMS a chur i bhfeidhm i réimse um Bhainistiú Sealúchais. Táthar ag súil go mbeidh Céim 2 den chóras ag feidhmiú faoi dheireadh R1 2022. Ó R2 2021, tá Seirbhísí Cothabhála Meicniúla agus Leictreach (M&L) á seachadadh trí TRIRIGA. Tá IWMS ceangailte go síre le córas airgeadais OOP (Integra) agus cuireann sé córas in-iniúchta iomlán ar fáil. Soláthraíonn an IWMS stór amháin do shonraí uile sealúchais OOP agus is féidir na sonraí sin a fheiceáil anseo chomh maith.

## Achoimre ar Thuarascáil Bhliantúil um Rialachas

**Caighdeán um Rialachas Corparáideach.** Uillmaíodh [Creat Rialachais OOP](#) de réir na bpriónsabal agus na gceanglas atá leagtha amach sa [Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís](#).

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001** De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cláraíonn comhaltaí boird agus baill foirne ainmnithe a leasanna i ggnóthais eile i ndearbhú bliantúil faoin Acht seo

**Acht um Nochtadh Cosanta 2014.** De réir Alt 21 (1) den Acht, tá [beartas](#) um nochtadh cosanta ó bhaill foirne atá, nó a bhí, fostaithe ag OOP i bhfeidhm agus an chaoi le déileáil le nochtadh den sórt sin. Fuair OOP dhá nochtadh cosanta sa bliain dar chríoch 31 Nollaig 2021.

**Coinbhleachtaí Leasa agus Brústocaireacht** Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag OOP chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa, a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás ball foirne agus bhaill an Bhoird Bainistíochta. Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialál 2015, d'fhoilsigh OOP [liosta](#) dá gcuid oifigeach poiblí ainmnithe mar atá riachtanach faoi Alt 6 (4) den Acht sin.

**Bainistiú Faisnéise** Tá Oifigeach Cosanta Sonraí in OOP agus cuirtear oiliúint ar an bhoireann maidir le riachtanais chosanta sonraí, mar fhreagra ar cheisteanna agus trí fhíseáin faisnéise, trí bheartais agus cáipéisí eile atá ar fáil ar inlín OOP.

## BORD BAINISTÍOCHTA AGUS STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE

**Bord Bainistíochta (BB)** Tá an Cathaoirleach, Ceannasaí um Bainistiú Riosca Tuile, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, Ceannasaí na Seirbhísí Oidhreachta agus Seachadta Oibreacha Caipitil, Ceannasaí Bhainistíochta na nEastát agus an tAiltire Stáit mar bhaill den BB.

**Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí** Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí agus is duine díobh sin an Cathaoirleach.

## INIÚCHÓIREACHT, DEARBHUITHE AGUS SOCRUITHE UM CHOMHLÍONADH

**Iniúchóireacht Inmheánach** Tá Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ag OOP a chuireann dearbhú neamhspleáach oibiachtúil ar fáil don Oifigeach Cuntasáiochta agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar oibríochtaí OOP agus cur lena luach.

**Iniúchóireacht Sheachtrach** Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OCAG) iniúchóireacht ar chuntas leithreasa Vóta 13 OOP, faoi Alt 3 den Acht Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

**Seirbhísí Comhroinntे** Chuir Oifigeach Cuntasáiochta na seirbhísí comhroinnté litir dhearbhaithe ar fáil maidir leis na socruithe um rialú agus iniúchóireachta inmheánaí chomh maith le tuairiscí ar iniúchóireacht ar oibriú rialuithe i rith 2021.

**Ráiteas um Rialú Inmheánach** Déanann Ráiteas an Oifigigh Chuntasáiochta um Rialú Inmheánach a foilsíodh sa Chuntas Leithreasa Blantúil, cur síos ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag OOP. Tá Ceannasaí na Seirbhísí Airgeadais, baill an Bhoird Bainistíochta agus Bainisteoirí Sinsearacha freagrach as a chinntí go bhfuil córais agus rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm chun dearbhú réasúnach a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasáiochta maidir le hábhair den chineál sin.

**Comhlíonadh an Chóid Caiteachais Poiblí (CCP)** Faoin CCP, ní mór do OOP a chinntí go mbítear cúramach le cistí poiblí agus go bhfaightear an luach is fearr ar airgead. Chuir an Oifig Tuarascáil Dhearrbaithe Cáilíochta bhliantúil le chéile chun comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí a mheas.

Tá bainistiú **Riosca agus Creat Rialaithe Rioscaí** ina chuid bhunúsach de Chreat Rialachais Corparáideach OOP agus tá sé ríthábhachtach chun torthaí straitéiseacha a bhaint amach. I 2021, rinne OOP uasdáitú ar na Pleananna Leanúnachais Gnó, agus foilsíodh an chéad Ráiteas Inghlachthacha Riosca agus cuireadh le hacmhainneacht an chórais leictreonaigh um bainistiú riosca.

**Sláinte agus Sábháilteacht** Tá an OOP tiomanta sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe a chinntí trí áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus trí chloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus le cód chleachtais agus treoirlínte ábhartha, mar is cuí.

Maoirseacht maidir le **Soláthar** Féachann an Oifig chuige go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntí go gcomhlíontar na treoracha soláthair ábhartha. Bhunaigh an tAonad Rialachais agus Luachála (GEU) Lónra Soláthar OOP chun comhairle agus aiseolas a chur ar fáil maidir le forbairt agus feidhmiú na straitéise agus beartais soláthair de chuid OOP. Rinne an Bord Bainistíochta an chéad Phlean Soláthair Corparáideach (2022 go 2024) de chuid OOP a fhaomhadh. Lean an tAonad Rialachais agus Luachála ag cuidiú agus ag tacú le foireann na hOifige ionas go gcomhlíonfaí rialacha soláthair Eorpacha agus Náisiúnta, agus

rinne siad monatóireacht maidir le comhlíonadh agus feidhmíocht soláthair ar fud na hOifige agus bhí siad rannpháirteach le h Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun gnóthaí soláthar éifeachtúil a chur i bhfeidhm agus chun úsáid éifeachtach a bhaint as creatáí.

**Clár Conarthaí OOP I 2021**, bhí 337 conradh ar Chlár Conarthaí OOP, le luach ionmlán de €236,293,343.

**Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (Dualgas na hEarnála Poiblí) leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Is dualgas reachtúil é agus cuireann sé dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ina gcuid oibre ó lá go lá.

Lena chinntiú go gcomhlíonfar an dualgas ina leith seo agus go mbeifear feasach ina thaobh i ngach réimse ábhartha inár nOifig, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh i Ráiteas Straitéise OOP, faoin gceannteideal **Luachanna**, tá muid tiomanta maidir le: "Meas: táimid tuisceanach inár n-iompar maidir le daoine. Molann OOP an mana FREDIE: cothroime, meas, comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus rannpháirtiocht."

Déantar monatóireacht ar ghearáin chun go n-aimsítear ábhair a gcaithfeadh OOP gníomhaíocht straitéiseach agus tuairisciú poiblí a dhéanamh ina dtaobh chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh dualgas cúraim na hearnála poiblí faoi Alt 42. Maidir lena feidhmeanna agus cuspóirí, agus in éagmás aon ábhar a bhaineann le cearta an duine, éagothroime nó leithcheal, ní chreideann OOP go raibh aon ábhar sonrach ar ghá gníomhaíocht straitéiseach nó tuairisciú a dhéanamh ina dtaobh i 2021.

## Bainistiú Riosca Tuile

### CLÁR MODHEOLAÍOCHTA MEASTACHÁIN MAIDIR LE TUILTE IN ÉIRINN

Chuir OOP túis le Clár Modheolaíochta Meastacháin Maidir le Tuitle in Éirinn (FEMI) i 2021. Is é aidhm an Chláir seo ná modheolaíochtaí meastacháin feabhsaithe nua a fhobairt maidir le tuitle, a bhainfidh leas as an dul chun cinn i TFC, Córáis Faisnéise Geografaí, agus sonraí hidriméadracha atá ar fáil ó tugadh isteach an Nuashonrú ar Staidéir Tuitle (FSU, 2014). Soláthróidh na modheolaíochtaí seo, nuair a bheidh siad críochnaithe, sraith uirlisé den scoth ar líne agus beidh siad ar fáil saor in aisce chun meastachán a dhéanamh ar thuilte.

Mar chuid den obair seo, forbróidh OOP bealach chun tionchar athrú aeráide a mheas agus beifear ábalta é a chur i bhfeidhm nuair a bhítear i mbun meastacháin tuitle. Tá an OOP ag infheistiú breis is €1.3 billiún i scéimeanna faoisimh tuitle ar fud na hÉireann faoin gClár Oibreacha Caipítil agus beidh saothar an Chláir FEMI ríthábhachtach do dhearadh beacht agus éifeachtach na scéimeanna seo. Ba é príomhghnáe oibre Chlár FEMI i 2021 ná iniúchadh a dhéanamh ar shonraí hidriméadracha chun na láithreacha tomhaiste ab oriúnaí a roghnú le húsáid sa taighde, agus taighde a dhéanamh ar chur chuige nua le húsáid in anailís mhiniúchta tuitle.


## Bainistiú na nEastát – Sealúchas

### AISTRIÚ 1GQ

I 2021, d'fhág Oifig na nOibreacha a gcuid oifigí ag 52 Faiche Stiabhna agus bhog sí chuig oifigí nua 3,900 m<sup>2</sup> ar Ché Sheoirse, Baile Átha Cliath 2. Tá oifigí nua OOP i bhfoirgneamh ar léas ina bhfuil roinnt tionóntaí eile ag 1 Cé Sheoirse, díreach trasna na habhann ó Theach an Chustaim. De bharr an dearaidh atá ar an áit, tá spásanna oibre solúbtha ann atá oriúnach do chineálacha éagsúla oibre, ag brath ar an leibhéal fócais nó comhoibrithe is gá.

D'úsáideamar roinnt uirlisí bailithe faisnéise chun treoir a chur ar fáil maidir le sainchúram na cóiríochta chun a chinntí go mbeadh an dearadh ag teacht le riachtanais ghnó na hOifige:

- Eagraíodh cuairteanna tagarmharcála ar roinnt forbairtí oifige nua
- Baineadh úsáid as Suirbhé Fostaithe Innéacs Leesman chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear tacaíocht ar fáil don fhoireann ina gcuid ról ó lá go lá
- Rinneadh Staidéar maidir le hÚsáid Saoráidí san oifig a bhí againn ag 52 Faiche Stiabhma chun a fháil amach conas a d'úsáideamar an foirgneamh ina rabhamar
- Cinntíodh go raibh comhoibriú le grúpaí ionadaíochta forirne éagsúla le linn an phróisis
- Rinneadh anailís ar an spás atá ann cheana féin



Oifigí nua OOP ag 1GQ,  
Baile Átha Cliath

Mar thoradh ar an bhfaisnéis a bailíodh le linn an phróisis seo fuarthas eolas faoin dóigh a n-úsáideann an fhoireann an spás oibre, an gá atá le spásanna níos mó a bheith ar fáil do chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus na buntáistí a bhainfeadh le cumraíocht níos solúbtha a thabhairt isteach. Cinntíonn an leagan amach atá ar 1GQ go bhfuiltear ag úsáid an spás chomh maith agus is féidir chun go mbeidh solas nádúrtha agus na radhairc is fearr ar fáil ag na stáisiúin oibre pleán oscailte agus ceantíní na forirne.

- I ndearadh na hoifige, aistríodh an bhéim ó stáisiúin oibre tiomnaithe, agus oifigí ceallacha go spásanna cruinnithe, comhoibrithe agus spásanna do chruinnithe neamhfhoirmiúla. Tá roghanna éagsúla maidir le deasca sealáochta ann don fhoireann a thagann ar cuairt, agus sa todhchaí d'fhéadfaí roghanna deasca sealáochta a úsáid i gcás oibre cumaisc. Is féidir deasca sealáochta chomh maith le spásanna páirceála a chur in áirithe trí aip áirithinte.
- Baineadh úsáid as deasca suí-seasamh ar mhéid 1600mm agus spásáil deisce 2200mm cún le cún.
- Cuireadh ríomhairí glúine ar fáil don fhoireann ar fad. Cuidíonn sé seo le timpeallacht oibre sofhreagrúil agus chomhoibritheach a chruthú, rud atá ríthábhachtach don chur chuige nua dearaidh seo atá bunaithe ar dhearradh deisce glaine.
- Tá oifig ar ghnáthmhéid, 12.5 méadar cearnach ar fáil do gach grád Príomhoifigeach agus os a chionn.
- Tá bord cruinnithe do thriúr agus trealamh comhdhála Closamhairc (AV) feistithe in oifigí ceallacha, agus is féidir iad a chur in áirithe nuair nach bhfuil siad in úsáid; cuireann sé seo spásanna tacaíochta agus áiseanna cruinnithe breise ar fáil don fhoireann ar fad.

Cé nach raibh an fhoireann, den chuid is mó, in ann filleadh ar an oifig mar gheall ar shrianta Covid-19 agus an treoir sláinte poiblí, cuireadh an t-aistriú ó 52 Faiche Stiabhma i gcrích i rith 2021.

## OIFIG AN PHRÍOMH-AILTIRE/AILTIRE AN STÁIT

Déanann Oifig an Stáit/Príomh-Ailtire i gcomhar le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann(RIAI) an Clár Céimithe Ailtireachta a bhainistiú. Tá an clár á fheabhsú ar bhonn leanúnach agus eagraítear comhdhálacha ailtireachta uair sa ráithe.

Bunaíodh Coiste Samhaltú Faisnéise Tógála (SFT) lena chinntíú go mbeadh struchtúr uileghabháilach ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú BIM ar fud na n-aonad gnó. Tuairiscíonn an grúpa seo don Ghrúpa Stiúrtha TFC.



Iniúchadh ar Theach an Chustaim

## MÓRTHIONSCADAIL

Sa rannán mórtionscadail, tá foireann ghairmiúil, theicniúil agus riarracháin a oibríonn go dlúth lena chéile i soláthar dearadh, ábhar teicniúil, bainistíocht tionscadail, soláthar, bainistíocht airgeadais, rialú buiséid, bronnadh agus bainistíocht conarthaí, seirbhísí caomhnaithe agus comhairleacha do riachtanais thógála agus réadmhaoine na nGníomhaireachtaí Stáit agus Rialtais, chomh maith le céram a dhéanamh d'fhoirgnimh oidhreachta atá faoi úinéireacht an Stáit nó ina bhfuil eagraíochtaí Stát lonnaithe.

## BAINISTIÚ NA NEASTÁT

### Rannpháirtíocht Foirne

I rith 2021, d'éascaigh an rannán um Bainistiú na nEastát Seisiúin mhíosúla Rannpháirtíochta Foirne. Rinneadh roinnt cur i láthair fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar réimse ábhar sna seisiúin seo. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach le linn tréimhse inar ghá don fhoireann bheith ag cian obair de bharr na paindéime Covid-19, chun a chinntíú go ndíreofaí ar rannpháirtíocht, foghlaim agus ar fholláine na foirne le linn na dtréimhsí dúshlánacha sin.

### Saineolaithe Gairmiúla agus Teicniúla a chur ar fáil

Tá ionadaíocht ag OOP ar Ghrúpaí Oibre Náisiúnta agus Idirnáisiúnta um Chaighdeán agus Forbairt Beartais agus oibríonn siad le coistí caighdeán Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí, coistí Eorpacha agus náisiúnta maidir le forbairt caighdeán, beartais theicniúla agus tionscnaimh. Cuireann rannán M&L comhairle shaineolach ar fáil maidir le réimse leathan ábhar a bhaineann le tógál agus ábhair eile; seirbhísí gairmiúla do Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, meicníochtaí seachadta maidir le Dearadh Tógála agus conarthaí Bainistíochta Saoráidí. Tá saineolaithe náisiúnta ag an oifig maidir leo seo a leanas: forbairt oifigi, clár tógála don Gharda Síochána, oibreacha oidhreachta, foirgnimh chultúrtha, dearadh saotharlainne agus ionaid sonraí.



Caisleán Bhaile  
Átha Cliath

### OIFIG UM BAINISTÍOCHT EALAÍON

Lean an Oifig um Bainistíocht Ealaíon (AMO) ag plé le tionscadal, ina bhfuil trí chéim ar leith, de chuid an Chórais Bhailliúcháin Ealaíne agus Oidhreachta chun ardán bogearraí láraithe den chineál fiontaí a fhorbairt i gcomhair shócmhainní oidhreachta cultúrtha uile an OOP. Chuaigh Céim 1 den tionscadal chun cinn go maith agus rinneadh breis agus 13,000 taifead de chuid Bhailliúchán Ealaíne an Stáit a uaslódáil ar bhunachar sonraí nua Bainistíochta Bhailliúchán Axiell. Tá an córas bainistíthe bhailliúchán nua i bhfeidhm anois agus curfidh sé go mór le héifeachtúlacht i mbainistiú agus i ndoiciméadú sócmhainní cultúrtha atá faoi chúram OOP. D'oibrigh an Oifig um Bainistíocht Ealaíon (AMO) i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe ar fhorbairt an chórais bhainistíochta bhailliúcháin – Córás um Bainistiú na nEastát, Seirbhísí Oidhreachta, Rannán Troscáin agus TFC. Ainmníodh an tionscadal seo do Ghradaim Shármhaiteasa agus Nuálaíochta na Státseirbhise 2021.

I 2021, dhírigh an Oifig um Bainistíocht Ealaíon (AMO) ar athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí rialachais. Cuireadh sraith nua cáipéisí cumarsáide ar fáil, go hinmheánach ar líne, inar leagadh amach beartais, cleachtais agus nósanna imeachta, Ccanna agus seicliostaí do chliant agus do chomhghleacaithe.

Aistríodh chuig siopa nua ealaíne i bhfoirgneamh Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath i samhradh na bliana 2021. Ba mhórthionscadal a bhí i gceist i mbaint anuas Bhailiúchán Ealaíne an Stáit a raibh baint ag an bhFoireann um Bainistíocht Ealaón leis, m.sh. cáipéisíocht, pacáil agus iompar saothar ealaíne ó uimhir 52 Faiche Siabhma. Feidhmeoidh an spás nua seo i gCaisleán Bhaile Átha Cliath freisin mar limistéar féachana do chliaint a roghnaíonn saothair ealaíne ó Bhailiúchán Ealaíne an Stáit le cur ar taispeáint i bhfoirgnimh an Rialtais. Tá sé bearaithe go mbeidh ionad riarrachán Oifig um Bainistíocht Ealaón (AMO) lonnaithe i mBloc M i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i 2022.

## Bainistiú na nEastát – Seirbhísí Oidhreachta

### CLÁR PRINTÍSEACHTA SNA CEIRDEANNA

Is clár tábhachtach é Clár Printíseachta na Séadchomharthaí Náisiúnta ionas go leanfar sa todhchaí leis na scileanna ar leith i réimse ceardaíochta traidisiúnta ar nós saoirseacht chloiche, gearradh cloch agus siúinéireacht. Tá sé ríthábhachtach go n-aimseofaí an chéad ghlúin eile de cheardaithe inniuila, go gcuirfí meantóireacht ar fáil agus go gcuirfí oiliúint orthu sna scileanna seo chun go mbeidís inniuil i gcosaint na Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí. De réir an Chláir Phrintíseachta, bionn oiliúint á chur ar fáil sa láthair oibre agus lasmuigh de agus oibríonn Bainisteoirí Oibreacha Ceantair na Séadchomharthaí Náisiúnta OOP go dlúth le Solas agus leis an mBord Oiliúna agus Oideachais maidir leis seo.

Rinneadh dul chun cinn agus forbairt maidir leis an gClár i 2021 agus bhí 11 printíseach in Iostaí na Seirbhísí Oidhreachta i gCill Chainnigh, i gCill Airne, i mBaile Átha Troim, i mBaile Átha an Rí agus i nDroim Dhá Thiar.



An Roinn Talmhaíochta  
Campas, Bhacastúin



**OPW**